Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Is í an Leabharlann an Áit:
## Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid

### Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027



Arna ullmhú ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Comhlachas um Bainistíochta Contaetha is Cathracha agus ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.



Tá leabharlanna na hÉireann ann do chách.

# Clár Ábhair


1. Brollach
   Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail,
   an T.D. Heather Humphreys 3
2. Réamhrá
   Cathaoirleach, an Coiste Forbartha Leabharlann
   Anna Marie Delaney 5
3. An tSeirbhís Leabharlainne Poiblí –
   Leabharlanna na Linne Seo 6
4. Ár Leabharlanna Poiblí le linn 2022 – Gaiscí 8
5. Treochtaí Earnála agus Cur Isteach ó COVID-19 18
6. Dul i gComhairle faoin Straitéis 22
7. Fís, Misean agus Luachanna 24
8. Cuspóirí Straitéiseacha agus Áisitheoirí 26
9. Cur Chun Feidhme agus Monatóireacht 37

Aguisín 1 Plean Gníomhaíochta 38

Aguisín 2: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 47

Aguisín 3: Liosta de chomhaltaí na gCoistí 48

Aguisín 4 Dul i gComhairle le Páirtithe Leasmhara 49

Aguisín 5: Dualgas Earnála Poiblí 50

Aguisín 6: Buíochas 51



# Tá ár leabharlanna poiblí i gcroílár ár bpobal.

# 1. Brollach
## Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail an T.D. Heather Humphreys



**an T.D. Heather Humphreys**

Tá ár leabharlanna poiblí i gcroílár ár bpobal. Cuireann leabharlanna réimse ollmhór seirbhísí ar fáil, i bpearsa agus ar líne, d'úsáideoirí leabharlainne, idir óg agus aosta. I mo cháil mar Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, ba thosaíocht ríthábhachtach domsa tacú le leabharlanna. Cúis áthais dom mar sin fáilte a chur roimh an straitéis nua seo de chuid na leabharlann poiblí*Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh aimsire, Inspioráid*, ina leagtar amach 66 ghníomh straitéiseacha faoi 9 gcuspóir straitéiseacha agus 3 áisitheoir straitéiseacha dár leabharlanna poiblí, as seo go ceann cúig bliana.

Tá an t-uafás bainte amach ó foilsíodh an straitéis roimh an gceann seo *Ár Leabharlanna Poiblí 2022* – gó mór mór nuair a fuarthas réidh le fíneálacha agus muirir leabharlainne agus nuair a tugadh isteach an Córas Bainistíochta Leabharlainne nua. Tá 31 brainse tar éis an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte a thabhairt isteach agus tá rochtain i bhfad níos mó ar leabharlanna sna ceantair sin dá réir. Tá cead faighte ag 60 brainse eile feidhmiú ar an gcaoi chéanna go luath. Tharraing COVID-19 aird ar an bhfiúntas a bhaineann le leabharlanna inár bpobail agus an meas mór atá ar leabharlanna. Thug ár leabharlanna aghaidh ar an ngéarchéim seo ar bhealach solúbtha nuálaíoch agus chuir siad lena dtairiscint ar líne sa chaoi is gur tháinig méadú an-sciobtha ar iasachtaí ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhar.

Caithfidh leabharlanna nua-aimseartha a chur san áireamh na bealaí éagsúla inar mhaith le daoine iad á úsáid agus ní mór dúinn athbhreithniú a bheith á dhéanamh againn i gcónaí ar ár gcur chuige le go mbeimid in ann freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus iad atá ag teacht chun cinn. Is straitéis uaillmhianach réamhbhreathnaitheach *Ís í an Leabharlann an Áit* a leagann amach an treo inar cheart don tseirbhís leabharlainne poiblí dul agus a fhéachann le rochtain, úsáid, feiceálacht na leabharlann poiblí a fheabhsú mar sheirbhís pobail bhunriachtanach. Tá sí ag teacht le straitéisí rialtais eile amhail *Ár dTodhchaí Faoin Tuath*, an *Straitéis um Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsitheacha agus Cumasaithe* agus an *Beartas um Thús Áite a Thabhairt do Lár an Bhaile*. Ina theannta sin, rinne sí a cion maidir le cur leis na hiarrachtaí chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide.

Tacóidh mo roinn leis an straitéis seo agus tugaimid maoiniú do leabharlanna ar bhonn leanúnach le gur féidir leo foirgnimh leabharlainne den scoth a fhorbairt atá ag teacht le hardchaighdeán na seirbhísí atá á gcur ar fáil iontu agus le gur féidir rochtain agus uaireanta oscailte a fheabhsú agus feabhas a chur ar sheirbhísí digiteacha. Oibreoimid le ranna rialtais eile chomh maith agus le páirtithe leasmhara chun ról na leabharlanna a fhorbairt i dtaca le tosaíochtaí beartais náisiúnta de amhail *Cúrsaí Digiteacha a Chur Chun Tairbhe – Creat Digiteach na hÉireann.*

Is é Coiste Forbartha Leabharlann (ar a bhfuil ionadaithe ó mo roinn, ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus ó údaráis áitiúla) a dhéanfaidh maoirseacht ar cur chun feidhme na straitéise.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh linn an straitéis seo a fhorbairt le bliain anuas, go háirithe na 3,000 freagróir a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí, an Coiste Forbartha Leabharlann, baill an Ghrúpa Oibre Straitéise, Leabharlannaithe Cathrach agus Contae, baill foirne leabharlainne, comhaltaí roghnaithe, agus gach páirtí leasmhar eile a chuir leis.



**an T.D. Heather Humphreys**
Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail




# Cuireann ár leabharlanna spásanna inrochtana, cairdiúla agus fíorchathartha ar fáil

# 2. Réamhrá
## Cathaoirleach, Coiste Forbartha Leabharlann Anna Marie Delaney



**Anna Marie Delaney,**
***Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Uíbh Fhailí***

Cuirtear seirbhís leabharlainne poiblí na hÉireann ar fáil ar fud 31 údarás áitiúil. Trí bhíthin 330 brainse, 23 leabharlann taistil, agus neart cainéal digiteach, cuireann ár leabharlanna spásanna inrochtana, cairdiúla agus fíorchathartha ar fáil. Tugann siad deis do dhaoine dul ar thurais léitheoireachta agus éalú ó chúrsaí an tsaoil, freastal ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí suimiúla, nó triail a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus scileanna nua a fhoghlaim. Chláraigh breis agus 765,000 duine lena leabharlann áitiúil le bliain anuas agus creidtear i gcónaí nach bhfuil a sárú le fáil i measc na nithe is féidir le húdarás áitiúil a thairiscint do na daoine atá ina gcónaí sa cheantar.

Agus í fós ar siúl, thacaigh straitéis na leabharlanna poiblí, *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*, le baill foirne leabharlainne seirbhísí níos fearr a sholáthar agus chun cur le ról na leabharlainne i measc an phobail agus aird na ndaoine a tharraingt uirthi. Fuair sí réidh le fíneálacha leabharlainne i gcás gach duine, chuir sí le líon na n-uaireanta oscailte trí bhíthin na seirbhíse Mo Leabharlann Oscailte, agus thacaigh sí le hoiliúint a chur ar bhaill foirne le go bhféadfaidís seirbhísí digiteacha nua a sheachadadh. Fiú le linn na paindéime, agus ár bhfoirgnimh dúnta don phobal, d'fhan an tseirbhís leabharlainne ar oscailt agus í ceangailte le pobail trí thionscnaimh éagsúla lena n-áirítear seirbhísí seachadta, níos mó ríomhleabhar a chur ar fáil, imeachtaí ar líne agus amanna scéalaíochta a reáchtáil ar líne go rialta.

Féachann ár straitéis nua, *Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid*, leis an dul chun cinn i gcoitinne atá déanta againn a choimeád sa siúl agus is forásach agus is uaillmhianach an straitéis í i dtaca lenár gcroísheirbhísí a fhorbairt, léitheoireacht is litearthacht agus rochtain ar eolas san áireamh. Ach tá sprioc níos uaillmhianaí fós roimpi agus a haird go hiomlán ar an am i láthair ar mhaithe le cabhrú le muintir na hÉireann agus iad ag teacht chucu féin tar éis na paindéime, chomh maith le dul i ngleic leis an ngéarchéim maidir le costas maireachtála, agus chun tacú le gníomhú ar son na haeráide.

Tá moltaí inti i dtaobh gníomhartha nua maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil, oidhreacht chultúrtha agus ionchuimsiú digiteach a fhágfaidh go mbeidh leabharlanna na hÉireann ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí leabharlannaíochta go domhanda. Níos tábhachtaí fós, is í an chéad straitéis leabharlainne náisiúnta í le díriú go sonrach ar inbhuanaitheacht agus ar ghníomhú ar son na haeráide, agus gníomhartha inti ar dearadh iad chun cabhrú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na hÉireann a bhaint amach.

Is ionann infheistiú a dhéanamh inár leabharlanna poiblí agus infheistiú a dhéanamh i ndaoine, a gcuid dteaghlach agus ina gcuid bpobal. Lena chinntiú go mbeidh rath ar an tSeirbhís Leabharlainne Poiblí amach anseo, beidh ar idir rialtas áitiúil agus láir a ghealladh go dtacóidh siad lenár bhfoirgnimh agus lenár bhfoireann agus féachaint chuige go bhfuil na hacmhainní acu atá de dhíth chun na cláir agus gníomhartha úrnua a leagtar amach sa straitéis seo a chur i gcrích.

Is é an Coiste Forbartha Leabharlanna a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm *Is í an Leabharlann an Áit*sna cúig bliana atá amach romhainn. I mo cháil mar Chathaoirleach ar an gCoiste seo, táim ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis na údaráis áitiúla go léir, leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le gach comhpháirtí agus páirtí leasmhar eile chun gealltanas na straitéise seo a chomhlíonadh agus chun féachaint chuige go gcuirfear seirbhísí leabharlainne níos fearr fós ar fáil dár bpobail.



**Anna Marie Delaney**

Cathaoirleach, an Coiste Forbartha Leabharlann
Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

# 3. An tSeirbhís Leabharlainne Poiblí – Leabharlanna na Linne Seo

Tá leabharlanna na hÉireann ann do chách. Tá 330 leabharlann áitiúil ag feidhmiú i láthair na huaire ar fud na 30 údarás leabharlainne atá sa tír seo agus seirbhís saor in aisce á tairiscint acu do bhreis agus 765,000 ball cláraithe. Is crann taca cultúrtha thar a bheith luachmhar iad leabharlanna don tír agus rochtain á tabhairt acu ar chnuasach an-mhór de bhreis agus 13 mhilliún leabhar, dlúthdhiosca agus DVD a bhfuil teacht ag gach úsáideoir orthu, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu sa tír. Mar chuid de na cnuasaigh ar líne tá na deicheanna míle de ríomhleabhair agus de ríomh-chlosleabhair, agus na mílte irisí agus nuachtán digiteach.

Cuireann ár leabharlanna réimse éagsúil d'acmhainní agus de sheirbhísí ar fáil. I measc seo tá tionscnaimh chun léitheoireacht a spreagadh ag gach leibhéal cumais, chun scileanna digiteacha agus litearthacht a fheabhsú, chun foghlaim ar bhonn fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chumasú, chomh maith le tacú le heolas agus treoir a sholáthar ar neart ábhar, lena n-áirítear sláinte agus folláine, cuardach poist agus forbairt phearsanta, gan trácht ar fhéachaint chuige go mbíonn teacht ag daoine ar áit inar féidir leo bualadh le chéile agus aithne a chur ar a chéile mar phobal. Gach aon lá faoin spéir bíonn lucht na leabharlann i mbun imeachtaí a reáchtáil fad is atá rochtain á tabhairt acu ar chnuasaigh staidéar áitiúil nó iad ag obair i gcomhar le comhpháirtithe éagsúla chun cláir chultúrtha a chruthú.

Is institiúid uathúil pobal-lárnach í an leabharlann ach is ar fud na tíre atá córas na leabharlanna ar fáil – féadann baill leas a bhaint as seirbhísí ag aon leabharlann sa tír.

A bhuí leis an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte, tá neart ball in ann a leabharlann áitiúil a úsáid lasmuigh de na huaireanta a mbíonn baill foirne ag obair anois, aon am idir 8 r.n. agus 10 i.n., 365 lá sa bhliain.

D'oscail an chéad Leabharlann Phoiblí in Éirinn sna 1700í, agus ó shin i leith tá leabharlanna poiblí ar cheann de na seirbhísí is mó tóir a gcuireann údaráis áitiúla ar fáil. Faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, is faoi gach údarás áitiúil atá sé an tseirbhís leabharlainne phoiblí ina limistéar riaracháin féin a bhainistiú.

I suirbhéanna a rinneadh le déanaí ba léir go bhfuil an-mheas i gcónaí ag an bpobal ar na leabharlanna poiblí agus iad den tuairim go bhfuil siad ar cheann de na seirbhísí is luachmhara ar féidir le húdarás áitiúil a sholáthar dá chónaitheoirí. Go deimhin, chuir an pobal in iúl go raibh siad an-sásta le tairiscintí leabharlainne[1]. Is léir go mbíonn an-tóir ar an leabharlann i gcónaí mar spás pobail ar féidir le haon duine é a úsáid saor in aisce, agus bíonn an-mheas ag daoine air de bharr an chaidrimh láidir atá cothaithe idir leabharlanna áitiúla agus a gcuid úsáideoirí le himeacht aimsire.

**Roinnt staitisticí ina léirítear scóip agus tionchar ár leabharlanna poiblí:**

Breis agus **53.6 milliún** cuairt ó 2018 i leith

**13,265,332** earra sa chnuasach

Cnuasach de bhreis agus **110,000** ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair

**330** leabharlann áitiúil

Breis agus **76 milliún** earra eisithe ó 2018 i leith

**23** leabharlann taistil (seirbhís trasteorann san áireamh)

Rochtain ar **7,000** ríomhnuachtán agus ríomhiris ó

**120+** tír i

**60+** teanga

Breis agus **600** cúrsaí ríomhfhoghlama ar líne ag leibhéil éagsúla agus a phléann le réimse leathan d'ábhair

Breis agus **110** cúrsa teanga do chainteoirí de 30+ teanga


1 Suirbhé ar Shásamh Custaiméirí na nÚdarás Áitiúil (GBRÁ) 2023

Foilsíodh an chéad straitéis leabharlainne poiblí riamh *Bealaí Nua a Thriail: I dTreo Seirbhíse Leabharlainne Poiblí Nua* in 1998. Tháinig trí straitéis eile sna sála uirthi seo – *Bealaí Nua a Thriail: Treonna Amach anseo* in 2008, *Deiseanna do Chách – Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017* agus *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*. Tá na ceithre straitéis sin tar éis cur go mór le conas mar a forbraíodh an tseirbhís leabharlainne poiblí atá againn sa lá atá inniu ann. Ag tosú in 2023, déanfaidh *Is í an Leabharlann an Áit* forbairt ar an rath a bhí ar straitéisí eile roimhe seo agus rachaidh sí níos faide fiú chun seirbhís leabharlainne a fhorbairt atá in ann freastal ar riachtanais shochaí na linne seo.

Chuaigh an taithí a fuarthas le linn COVID-19 i bhfeidhm ar an straitéis seo, tréimhse inar léir níos mó ná riamh a thábhachtaí is atá leabharlanna dár bpobail agus a léirigh a chumasaí is atá siad i dtaca lena dtairiscint a chur in oiriúint agus a bheith nuálach ina seachadadh seirbhíse. A bhuí le conas mar a sháraigh 1,800 ball foirne gairmiúil san earnáil na dúshláin a thit amach le linn 2020 agus 2021, tá níos mó nirt agus uaillmhéine le sonrú sna leabharlanna ná mar a bhí riamh agus réitigh sé an bealach do na cuspóirí atá le baint amach againn sna cúig bliana amach romhainn.

Forbraíodh an straitéis seo i gcomhpháirt le Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP), agus í ag feidhmiú mar cheannasaí beartais, leis an Aonad Forbartha Leabharlann laistigh den Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC), agus leis na húdaráis áitiúla.

Tá téamaí straitéiseacha na straitéise ag teacht le cuspóirí beartais phoiblí ábhartha ar fud an rialtais, lena n-áirítear gealltanais i leith tosaíochtaí forbartha tuaithe agus pobail RFTP i gcoitinne. Mar shampla, gealltanas faoin *Ár dTodhchaí faoin Tuath* chun áit inmharthana agus tharraingteach a dhéanamh d'Éirinn le bheith i do chónaí ann, áit a mbeidh teacht agat ar neart deiseanna fostaíochta agus ar sheirbhísí poiblí agus gealltanas eile chun tacú le daoine aonair agus le grúpaí ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste, imeallaithe nó eisiata go sóisialta, daoine i gceantair uirbeacha san áireamh, chun barr a gcumais a bhaint amach.



**Na háiteanna ina bhfuil Leabharlanna Poiblí ar fud na Tíre**

# 4. Ár Leabharlanna Poiblí le linn 2022 – Gaiscí

Rinneadh dul chun cinn nach beag i leith a lán de na gealltanais in *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*. Baineadh cuid mhaith de seo amach in ainneoin nó, uaireanta, de bharr na paindéime COVID-19. Léirigh COVID-19 cé chomh lárnach is atá leabharlanna inár bpobail agus tharraing sé aird freisin ar cé chomh seiftiúil is atá lucht na leabharlainne maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhealach solúbtha nuálaíoch fad is atá uasoiliúint á cur orthu féin d'fhonn freastal ar riachtanais úsáideoirí, go háirithe nuair a bhí foirgnimh leabharlainne dúnta ar feadh i bhfad. Is móide an meas atá ar an tseirbhís leabharlainne anois agus tá na baill foirne ag obair intí níos féinmhuiníní.

Ar cheann de na héachtaí ba mhó, agus b'fhéidir an ceann is mó a chuaigh i bhfeidhm ar bhaill ná fáil réidh le fíneálacha agus muirir leabharlainne. Bhain sé seo constaic nach beag a bhí ag cur úsáideoirí áirithe ó dhoras agus réitigh sé an bealach do chothromas rochtana ina mbeidh teacht ag gach duine ar sheirbhísí agus acmhainní leabharlainne poiblí. Taobh leis seo bhí an infheistíocht nach beag a rinneadh i mbonneagar ár leabharlanna poiblí trí bhíthin Chlár Caipitil na Leabharlanna, infheistíocht ó údaráis áitiúla, Cistí Athnuachana Forbartha Cathrach agus Tuaithe, agus maoiniú ón AE.

Baineadh garsprioc eile amach nuair a tugadh Córas nua Bainistíochta Leabharlainne isteach a raibh ardán níos sofhreagraí agus níos feidhmiúla mar chuid de agus a rinne an t-eispéireas rochtana a chuíchóiriú tríd an bhfeidhmiúlacht chéanna a thabhairt d'úsáideoirí fud fad shuíomhanna gréasáin na n-údarás leabharlainne. Chuir *Ár Leabharlanna Poiblí 2022* leis an rochtain atá ar acmhainní digiteacha, lena n-áirítear ríomhleabhair agus acmhainní ar líne, le go mbeadh roghanna níos iomadúla agus níos éagsúla ar fáil i ngach leabharlann. Tháinig méadú an-sciobtha ar ríomhleabhair agus ar ríomh-chlosleabhar mar gheall ar COVID-19, mar is léir ón gcaoi inar mhéadaigh iasachtaí closleabhar 210%, fad is a tháinig méadú de 160% ar iasachtaí ríomhleabhar agus tháinig méadú de 155% ar líon na n-úsáideoirí ag clárú dár seirbhís ríomhiasachtaithe idir 2019 agus 2021.

**Le linn tréimhse na straitéise tá neart samplaí ann de thionscnaimh ó *Ár Leabharlanna Poiblí 2022* dár gcur i gcrích.**

**Cás-Staidéar**

## Éire ag Léamh

Seoladh Éire ag Léamh mar chuid d'fheachtas "Fan Folláin" an rialtais a bhí ar siúl i rith gheimhreadh na bliana 2021. Ba é ba chuspóir leis ná daoine a spreagadh chun gealltanas a thabhairt go léifidís ar lá áirithe – an 25 Feabhra, lá Éire ag Léamh – d'fhonn léitheoireacht agus leabharlanna a chur chun cinn. Bhuaigh feachtas margaíochta go leor duaiseanna as a iarraidh ar dhaoine 'am a chur i leataobh don léamh' le go bhfaighidís amach an athuair an taitneamh atá le baint as léitheoireacht, go háirithe agus daoine gafa sa bhaile de bharr na srianta a bhí i bhfeidhm in aimsir COVID-19. Bhí rannpháirtithe in ann moltaí leabhar a fháil ó fhoireann na leabharlainne bunaithe ar na leabhair is díol spéis dóibh, an t-am a bhí le meilt acu agus a gcumas léitheoireachta ach leas a bhaint as suíomh gréasáin Éire ag Léamh, áit a bhféadfaidís clárú agus gealltanas a thabhairt go léifidís ar Lá Éire ag Léamh. Rinneadh tuairisciú forleathan ar an bhfeachtas sna meáin agus é go mór i mbéal an phobail de bharr tuairiscí ar chainéil teilifíse mór le rá, i nuachtáin, ar an raidió agus sna meáin dhigiteacha, rud a chur ina luí ar na mílte duine ar fud na tíre leas a bhaint as seirbhísí digiteacha leabharlainne den chéad uair riamh ina saol, agus gealltanas a thabhairt go gcaithfidís breis agus 900,000 nóiméad i mbun léitheoireachta ar an 25 Feabhra.




## Cás-Staidéar

# Leabharlann Bheag

Is éard atá sa Leabharlann Bheag ná clár faoin straitéis trasrialtais Na Chéad 5 agus faoi chlár "Ceart chun Léitheoireachta" na leabharlann poiblí. Tacaíonn an Leabharlann Bheag le forbairt teanga agus litearthachta luath-óige i measc páistí óga trí iad a spreagadh chun an leabharlann a úsáid agus trí sheirbhísí leabharlainne a sholáthar do thimpeallachtaí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (FCLÓ). Cuireadh tús leis an gclár in 2021, am a ndearnadh málaí leabhar saor in aisce agus imeachtaí scéalaíochta a thairiscint do breis agus 4,500 soláthraí foghlama agus cúraim luath-óige. In 2022 fuair beagnach 23,000 leanbh idir 4 agus 5 bliana d'aois a mballraíocht féin agus Mála "Mo Leabharlann Bheag" mar thaca dóibh chun an t-aistriú go dtí an bhunscoil a dhéanamh gan stró.

## Leabharlann Bheag in 2022

**22,900**
Baill nua idir 4 agus 5 bliana d'aois faoin tionscnamh Mo Leabharlann Bheag

**414,450**
leabhar a tugadh ar iasacht do bhaill nua idir 4 agus 5 bliana d'aois

**14,700**
páiste idir 4 agus 5 bliana d'aois a rinne athnuachan ar a mballraíocht faoin tionscnamh Mála Mo Leabharlann Bheag

**63%**
den daonra iomlán idir 4 agus 5 d'aois atá ina mbaill leabharlainne anois

**844**
imeachtaí scéalaíochta ar théama an chairdis agus breis agus 10,000 leabhar tugtha do FCLÓnna le linn na bhfeachtas Éire agus Léim Isteach san am Scéalaíochta.

## Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Is éard a thuigtear le foghlaim ar feadh an tsaoil ná aon ghníomhaíocht foghlama a dhéantar ar bhonn leanúnach agus é mar aidhm ag lucht a dhéanta feabhas a chur ar a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí ar chúiseanna pearsanta, sóisialta agus/nó gairmiúla. Ar cheann de phríomhfheidhmeanna na seirbhíse leabharlainne tá tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus ba léir ó shuirbhé a rinneadh le déanaí ar na seirbhísí leabharlainne poiblí uile go:

- gcuireann gach seirbhís leabharlainne ranganna, cainteanna, taispeántais agus grúpa foghlama neamhfhoirmeálta ar fáil.
- Ó thaobh ranganna agus cainteanna de le linn *Ár Leabharlanna Poiblí 2022* ba iad na hábhair is coitianta a cuireadh ar fáil:

| | Sláinte | Ceardaíocht | IT | Stair & Cultúr | Eolaíocht |
|---|---|---|---|---|---|
| Céatadán d'Údaráis Áitiúla | 100% | 93% | 90% | 83% | 83% |

- Na hábhair is mó a cuireadh ar fáil (go seachtainiúil):

| | Teangacha | Ceardaíocht | IT |
|---|---|---|---|
| Céatadán d'údaráis áitiúla | 59% | 54% | 44% |

- Cuireann gach údarás leabharlainne taispeántais ar fáil ar na ábhair seo a leanas: cultúr, foghlaim agus eolas, léamh agus litríocht, stair, timpeallacht, tuiscint don ealaín agus ceardaíocht.
- Cuireann 90% díobh taispeántais ar fáil bainteach le gnó agus fostaíocht.
- Tacaíonn gach údarás leabharlainne le grúpaí foghlama, agus is iad seo a leanas na cinn is coitianta:

| | Clubanna Leabhar | Grúpaí Tuistí agus Páistí Beaga | Grúpaí Cniotála |
|---|---|---|---|
| Céatadán d'údaráis áitiúla | 93% | 87% | 87% |



Cás-Staidéar

Right to Read at your Library




# Ceart chun Léamh

Seoladh an Clár Ceart chun Léitheoireachta in 2017 ar mhaithe le tacú le léitheoireacht agus litearthacht fud fad na gcontaetha go léir. Mar chuid den chlár seo tá tionscnaimh do pháistí agus do theaghlaigh i rith na bliana – Léim Isteach san am Scéalaíochta, Réaltaí an tSamhraidh, Féile Leabhar na bPáistí agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann Áitiúil – gan trácht ar neart seirbhísí chun tacú le scoileanna.

In 2021 tugadh isteach tionscnaimh dírithe go sonrach ar lucht réamhscoile faoin gClár "Mo Leabharlann Bheag". Díríonn an clár "Ceart chun Léitheoireachta" freisin ar thacaíochtaí agus acmhainní a thabhairt do dhaoine fásta agus tá sé i gceist againn cur leis an ngné seo den chlár faoi *Is í an Leabharlann an Áit*. Is líonra Cheart ag Cách ar Léamh áitiúil a reáchtálann an t-eispéireas "Ceart chun Léitheoireachta" i ngach údarás áitiúil agus is é Comhordaitheoir Cheart ag Cách ar Léamh a dhéanann é a chomhordú i ngach seirbhís leabharlainne áitiúil. Chuaigh clú an chláir i méid bliain i ndiaidh a chéile go dtí 2019, bliain inar ghlac an líon daoine is mó riamh páirt ann, lena n-áirítear breis agus 62,000 páiste a ghlac páirt sa chlár Réaltaí an tSamhraidh. Ar theacht i bhfeidhm na srianta COVID-19, b'éigean d'fhoireann na leabharlainne roinnt athmhúnlú a dhéanamh ach, a bhuí leis seo, d'éirigh leis an gclár dul ar aghaidh, ar líne den chuid is mó, le linn 2020 agus 2021.

In 2022, bhí an-dúil ag daoine sa mheascán nua de sheachadadh brainse ar líne agus sa leabharlann agus tharla an dara leibhéal rannpháirtíochta bliantúil is mó riamh dá bharr seo, lena n-áirítear na 56,000 páiste nach mór a ghlac páirt sa chlár Réaltaí an tSamhraidh 2022.

Cás-Staidéar

## Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann

Tá an clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann mar chuid de straitéis náisiúnta Éire Shláintiúil a fhéachann le sláinte agus folláine a fheabhsú. Tá an clár seo ar fáil i ngach ceann de na 30 údarás leabharlainne sa tír. Mar chuid d'Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann tá cnuasach leabhar (leabhair, ríomhleabhair, agus ríomh-chlosleabhar), imeachtaí, agus is é comhordaitheoir Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann ag gach seirbhís leabharlainne a chomhordaíonn clár d'imeachtaí Éire Shláintiúil saor in aisce ó cheann ceann na bliana. Is foinse chomhsheasmhach agus iontaofa d'eolas sláinte é Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann i ngach ceann de na 330 brainse leabharlainne in Éirinn. Déanann saineolaithe sláinte meastóireacht ar na hearraí sa chnuasach agus roghnaítear ábhair agus cainteoirí na n-imeachtaí de réir treoirlínte eisithe ag an Roinn Sláinte. Tá líon na ndaoine páirteach sa chlár tar éis dul i méid ó cuireadh tús leis in 2017. Idir Iúil 2020 agus Meán Fómhair 2021, tógadh 136,351 earra amach ón gcnuasach amach ar iasacht san iomlán. Is ionann seo agus a hocht n-oiread níos mó beagnach ná líon na n-iasachtaí i gcomparáid leis an gcéad bhliain den chlár in 2017. Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá ag freastal ar imeachtaí freisin, agus 72,596 daoine i láthair idir Iúil 2020 agus Meán Fómhair 2021.

Le linn shaolré *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*, bhí leabharlanna i mbun cláir náisiúnta agus áitiúla a reáchtáil ar mhaithe le tacú le forbairt phearsanta agus pobail, na mílte imeachtaí agus gníomhaíochtaí á n-eagrú acu gach bliain do na céadta mílte duine tríd an gclár Ceart chun Léitheoireachta, Cúrsaí Oibre ag Do Leabharlann, Éire Shláintiúil ag do Leabharlann, Éire Ildánach agus go leor eile. Cuireadh tuairimí lucht na leabharlainne lárnaí agus na leabharlanna áitiúla san áireamh agus na cláir seo á bpleanáil agus a reáchtáil chun cur le réimse agus éagsúlacht na ngníomhaíochtaí maidir le gach ábhar le go bhféadfaí sciar níos mó agus níos mó den phobal a mhealladh chun páirt a ghlacadh ann. Ainneoin na srianta COVID-19 a tháinig i bhfeidhm, níor cuireadh isteach ar sholáthar seirbhísí ar chaoi ar bith, a bhuí le baill foirne leabharlainne a bhí in ann athmhúnlú gasta agus uasoiliúint bheo-intinneach a dhéanamh le féachaint chuige go leanfaí le soláthar na seirbhísí seo gan aon chur isteach a oiread agus ab fhéidir ar feadh na haimsire a raibh an ghéarchéim sláinte ar siúl.

Thairis sin, tá na héachtaí a rinneadh ó thaobh soláthar seirbhísí de agus na heispéiris foghlama a thit amach le linn COVID-19 á gcur san áireamh sa dearadh anois agus sinn ag iarraidh cláir bharrmhaithe a dhearadh d'úsáideoirí amach anseo.

Tá obair faoi lánseol freisin ar roinnt réimsí eile a sainaithnítear sa straitéis, lena n-áirítear an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte a leathnú amach – tá an áis seo ar fáil anois i 31 leabharlann agus cead faighte ag 60 eile chun iad féin a chur in oiriúint d'fheidhmiú mar seo amach anseo. Cuireadh i bhfeidhm freisin clár chun uasghrádú agus forbairt a dhéanamh ar ionaid um fhoghlaim dhigiteach agus spásanna nuálaíochta i leabharlanna a bheadh oiriúnach dó sin.

Admhaítear go bhfuil gá le tuilleadh oibre a dhéanamh i réimsí áirithe. Bhí líon na ndaoine a bhain úsáid ghníomhach as a mballraíocht ag dul in airde go dtí gur tháinig COVID-19 ach tá sé tar éis titim siar ó 2021 i leith.

Rinneadh iarrachtaí chun leibhéil na mballraíochtaí a thabhairt ar ais go dtí na leibhéil a bhí ann roimh COVID agus iad a mhéadú le linn shaolré na straitéise nua. Cuireadh moill ar athbhreithniú a bhí le déanamh ar Chaighdeáin agus Tagarmharcanna na Leabharlanna Poiblí náisiúnta chomh maith de bharr COVID-19, agus tá dúshláin le sárú fós maidir le cistiú leabhar, córas do bhallraíocht uilíoch leabharlainne a chur ar bun, agus chun an maoiniú a fháil chun an t-infheistiú is gá a dhéanamh in acmhainní ar líne agus crua-earraí TF.




Cás-Staidéar

## Mo Leabharlann Oscailte

Tugann an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte rochtain ar a leabharlann áitiúil do bhaill idir 8 r.n. agus 10 i.n., 365 lá sa bhliain. Tá leathnú amach na Seirbhíse Mo Leabharlann Oscailte ar siúl le cúig bliana anuas agus tá sé curtha ar bun anois i 31 leabharlann i 16 údarás áitiúil, agus cead faighte ag 60 leabharlann eile é a chur i bhfeidhm. Seachas tréimhsí in 2021 agus 2022 nuair nach raibh an dara rogha ann ach dúnadh de bharr srianta COVID-19, tá an tseirbhís ag dul ó neart go neart ó tugadh isteach í in 2014. Tá an pobal an-tógtha léi, agus lucht a úsáidte á rá go n-oireann rochtain ar an leabharlann áitiúil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i bhfad níos fearr do chomaitéirí, d'oibrithe agus do mhic léinn. I gcás na leabharlanna ina bhfuil Mo Leabharlann Oscailte ar fáil, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a thagann isteach, go háirithe ag an deireadh seachtaine, agus tá réimse custaiméirí níos éagsúlaí á mealladh ná riamh, go háirithe i measc an aoisghrúpa 35-55 bliain a bhfuil sé de nós acu teacht isteach go déanach sa tráthnóna agus teaghlaigh a bhfuil sé de nós acu teacht isteach lena bpáistí óga ag an deireadh seachtaine.



## Deireadh Curtha le Fíneálacha

Is acmhainní foghlama saor in aisce ar feadh an tsaoil iad leabharlanna ar cheart iad a bheith ar fáil gan aon bhac nó muirir a bheith orthu. Tá sé léirithe go gcuireann fíneálacha leabharlainne páistí agus daoine faoi mhíbhuntáiste ó dhoras* agus ar an 1 Eanáir 2019 cuireadh deireadh in Éirinn le fíneálacha a ghearradh ar earraí leabharlainne a thugtar ar ais go déanach. Ón dáta sin amach, ní raibh muirir iasachta de chineál ar bith le gearradh ar úsáideoirí na leabharlainne poiblí, rud a d'fhág go raibh Éire ar cheann de na chéad tíortha ar domhan chun an cur chuige seo a chur i bhfeidhm maidir le brainsí leabharlainne poiblí uile na tíre.

* *DeFaveri, Annette, Breaking Barriers: Libraries and Socially Excluded Communities, (2005); and Meg Johnson Depriest, Removing Barriers to Access: Eliminating Library Fines and Fees on Children's Materials, 2016*

Tríd is tríd, is é an rud is mó a rithfeadh le duine maidir leis an tréimhse inar cuireadh *Ár Leabharlanna Poiblí 2022* i bhfeidhm ná go ndearnadh dul chun cinn maith ach tá dúshláin fós le sárú. Tá aon ní amháin soiléir, áfach, agus is é sin go bhfuil Éire tar éis aird an domhain a tharraingt uirthi féin as an méid atá déanta lena leabharlanna poiblí le cúig bliana anuas agus rochtain ar chnuasaigh leathnaithe go mór agus na baic a thagann salach ar úsáid na leabharlainne, fíneálacha cuir i gcás, laghdaithe nó deireadh curtha leo ar fad. Agus í ar siúl i mBaile Átha Cliath in 2022, tharraing Comhdháil Leabharlainne agus Eolais an Domhain á bhí á reáchtáil ag Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann agus na nInstitiúidí Leabharlainne (IFLA) aird ar an obair atá idir lámha ag an earnáil. Agus is é an dála céanna é ag líon na leabharlannaithe Éireannacha a ghlacann páirt i gcoistí agus i dtionscadail idirnáisiúnta de chuid IFLA, Fóram um Údaráis Náisiúnta ar Leabharlanna Poiblí san Eoraip (NAPLE), Biúró Eorpach na gCumann Leabharlainne, Faisnéise agus Doiciméadachta (EBLIDA) agus Leabharlanna Poiblí 2030. Níos mó ná riamh, tá cleachtóirí agus lucht déanta beartas san Eoraip agus níos faide i gcéin ar an eolas faoi cad atá ar siúl ag leabharlanna poiblí in Éirinn, agus is bonn iontach é ar ar féidir an straitéis nua a fhorbairt.

### Clár Caipitil Leabharlanna 2016-2022

Maoiniú faofa ag an Rialtas de **€29m** in 2016 i gcomhair Cláir Chaipitil Leabharlanna. Thacaigh an clár seo le:

**19** dtionscadal caipitil lena n-áirítear na leithdháiltí seo a leanas

| | |
|---|---|
| Mo Leabharlann Oscailte | **€6.9m** |
| Leabharlann Chill Chainnigh | **€4.7m** |
| Leabharlann na hInse | **€4.1m** |
| Leabharlann Phort Laoise | **€3.2m** |
| Clár Oibreacha Caipitiúla Ar Scála Beag | **€3m** |
| Muineachán Leabharlann Bhaile | **€2.8m** |
| Leabharlann Mheathas Troim | **€2.5m** |
| Leabharlann Pobail Bhaile Átha Í | **€1.7m** |
| Leabharlann Bhaile Chill Mhantáin | **€1m** |
| Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh | **€1m** |
| Leabharlann Shráid Chaoimhín | **€1m** |

Cás-Staidéar

# Leabharlanna na gCéadfaí

Tá curtha go mór le seirbhísí céadfacha inár leabharlanna poiblí ó 2019 i leith, am ar thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú de €691,000 chuige sin. Thacaigh an maoiniú seo le saoráidí, acmhainní agus trealamh céadfach a chur ar fáil i leabharlanna poiblí, lena n-áirítear faighneoga céadfacha, bréagáin chéadfacha agus scéalta sóisialta. Tá na seirbhísí seo tar éis dul i gcion ar dhaoine ar an speictream uathachais agus dáimh a chothú leo. Tá spás na leabharlainne níos inrochtana agus níos ionchuimsithí dá bharr agus í ina áit inar féidir taitneamhach a bhaint as spás sábháilte atá oscailte do chách. Cuireann go leor leabharlanna poiblí bailiúchán bréagán ar fáil agus acmhainní ar dearadh iad chun tacú le forbairt scileanna tábhachtacha. Aon acmhainn a tharraingíonn spéis linbh, is féidir le teaghlach í a thabhairt abhaile leo agus ní bheidh siad thíos leis an gcostas a bhainfeadh lena leithéid a cheannach dá bharr. Tá faighneoga céadfacha agus seomraí na gcéadfaí curtha isteach i roinnt leabharlanna chomh maith le go mbeadh áit thaitneamhach le dul ag páistí agus ag daoine fásta inar féidir leo plé le rudaí suimiúla. In 2019, osclaíodh an chéad Seomra Na gCéadfaí riamh in Éirinn dóibh siúd ar an speictream uathachais i Leabharlann Chrois Theach na Foraire i Luimneach agus thuill an tionscnamh seo gradam do lucht na leabharlainne sin as an 'Seirbhís Leabharlainne is Fearr' ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann níos deireanaí an bhliain sin.



Cás-Staidéar

## Cultúr agus Éire Ildánach

Tá leabharlanna ag tacú le cultúr le fada an lá agus iad ag tabhairt deiseanna do dhaoine aonair agus do phobail cultúr a bhlaiseadh. Is bealach simplí saor in aisce iad leabharlanna chun cultúr a bhlaiseadh, ní hamháin trí chuasaigh agus taispeántais a chur ar fáil go forleitheadach, ach trí bhíthin na bhféilte agus n-imeachtaí freisin gur minic iad a bheith ar siúl sa líonra brainsí.


Tá ról lárnach ag leabharlanna freisin maidir leis an gclár Éire Ildánach uile-rialtais ar taca é le cultúr agus le folláine a reáchtáil go háitiúil. Tá foirne cultúir curtha ar bun i ngach údarás áitiúil agus tá siad faoi stiúir na seirbhíse leabharlainne i gcúig chontae dhéag. I ngach uile chontae, tá ionadaithe ó leabharlanna ar na foirne cultúir.

Cás-Staidéar

## Smaointeoireacht Deartha agus Eispéireas Úsáideoirlárnach

Is cur chuige é Smaointeoireacht Deartha i leith forbairt seirbhísí agus réiteach fadhbanna ar bhealach cruthaitheach a thugann tús áite d'úsáideoirí agus a thacaíonn le leabharlanna chun cur lena dtuiscint ar riachtanais an phobail. Díríonn sé a aird ar fháil amach cad iad na nithe a dteastaíonn ó úsáideoirí agus ó phobail agus ar thriail a bhaint as bealaí nua chun seirbhísí leabharlainne a chruthú atá níos mó in oiriúint do dhaoine agus do phobail agus in ann freastal ar a gcuid riachtanas de réir mar a athraíonn siad.

In 2021, ghlac deich seirbhíse leabharlainne páirt i dtreoirthionscadal Smaointeoireachta Deartha. Reáchtáladh ocht gceardlann a mhair 3 uair an ceann chun oiliúint a chur ina thaobh ar na baill foirne leabharlainne a bhí ag glacadh páirte ann. Agus an oiliúint curtha díobh, d'fhorbair gach seirbhís leabharlainne tionscadail áitiúla bunaithe ar phrionsabail na smaointeoireachta deartha. Thuairiscigh gach ceann de na foirne treoirthionscadail gur chuir Smaointeoireacht Deartha feabhas nach beag ar a gcur chuige i leith a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le húsáideoirí agus gur chabhraigh sí leo tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais an phobail agus seirbhísí á bhforbairt is á gcur i gcrích acu. In 2022, cuireadh oiliúint bhreise ar fáil mar thaca do thionscadail áitiúla bunaithe ar an gcur chuige seo a fhorbairt a thuilleadh.




*"De bharr na riachtanas a bhaineann le cianobair agus cianfhoghlaim, tá baint agam leis an gcóras leabharlainne poiblí arís den chéad uair le cúig bliana anuas. Táim sásta a rá go bhfuil an-tógtha leis. Tá baill foirne an-chabhrach agus tacúil agus tá na háiseanna den chéad scoth." [Duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin]*

**Cás-Staidéar**

# Athbhreithniú ar Seirbhísí Leabharlainne Príosúin

Tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí leabharlainne príosúin in 2021 i measc an dá phríosún déag agus i gcomhar leis na seacht n-údarás áitiúil ina bhfuil na príosúin sin suite: Cathair Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí, Contae an Chabháin, Luimneach, Laois, Ros Comáin agus Cill Mhantáin. D'fhoilsigh Scoil an Oideachais in Ollscoil Uladh tuarascáil faoin athbhreithniú in 2022 inar leagadh amach na prionsabail uileghabhálacha a léiríonn an gá atá le cur chuige úsáideoirlárnach bunaithe ar bheartas a ghlacadh i leith seirbhísí leabharlainne príosúin a sholáthar. Leagtar príomhphrionsabail agus moltaí amach i dtaca le beartais, rochtain uilíoch, comhoibriú, soláthar foirne, réimse agus scóip an tsoláthair agus conas is féidir leis an leabharlann a bheith ina taca agus ina céim ar an aistear chuig bheith i do bhall den tsochaí arís, agus i dtaca le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh chomh maith. Cuireadh tús leis na moltaí a chur i bhfeidhm in 2022 agus leis na Comhaontuithe Seirbhíse idir na seirbhísí leabharlainne agus na príosúin áitiúla, chomh maith le beartas náisiúnta a fhorbairt i leith seirbhísí leabharlainne príosúin a sholáthar.



# 5. Treochtaí Earnála agus Cur Isteach ó COVID-19

Tá cuid mhaith de na brúnna, deiseanna agus bagairtí céanna roimh leabharlanna poiblí ar fud na cruinne agus go réigiúnach. San uasdátú 2021 a rinneadh ar an Tuarascáil Treochta IFLA sainaithnítear roinnt de na nithe seo atá ábhartha don earnáil in Éirinn[2]:

- Rochtain láithreach vs éalú ón saol digiteach ar feadh tamaillín: tá pearsantú ó dhaoine agus ba mhaith leo rochtain a bheith acu ar eolas 24/7. Ach, ag am céanna, tá dúil ag níos mó daoine i maireachtáil as líne mar leigheas ar a bheith bodhraithe ag cúrsaí digiteacha an t-am ar fad
- Táillí a ghearradh ar eolas: tá seans go dtiocfadh constaicí nua amhail ballaí íoccaíochta agus socruithe ceadúnaithe salach ar shaormhalartú smaointe agus ar bhuiséid leabharlainne
- Bréagaisnéis: tá níos mó tábhacht ná riamh le litearthacht faisnéise i ré na "bréagnuachta"
- Smacht ag scothaicme ar shonraí: Intleacht Shaorga ag éirí níos tábhachtaí sa tsochaí – is dlúthchuid den saol iad algartaim cheana féin agus is d'aimhleas na sochaí a bhíonn siad go minic
- Dúil mhallaithe ag daoine i dtuairimí míchuibheasacha: pobalachas, easpa measa ar thuairimí malartacha – tabharfar dúshlán do agus déanfar cáineadh ar cad atá á gcur ar fáil sna leabharlanna
- Daoine ar dual dóibh bogadh ó áit go háit agus bonn úsáideoirí domhandaithe: beidh dúshlán roimh an seirbhís leabharlainne áitiúil fanacht ábhartha do phobal mar seo
- Foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil: daoine ag athrú chuig post eile go minic, uasoiliúint, athoiliúint, is dual dóibh a bheith ag bogadh thart Ba cheart do leabharlanna acmhainní a chur ar fáil chun tacú leis seo, ach ar cheart dóibh a bheith ina n-oideoirí chomh maith?
- Cnuasaigh dhomhanda: tá impleachtaí i gceist le rochtain áitiúil ar acmhainní domhanda i dtaca leis an teicneolaíocht agus an ceadúnú a úsáidtear chun na seirbhísí a chur ar fáil agus i dtaca le cé chomh "áitiúil" agus atá siad.

Cé go gcuirtear na treochtaí domhanda uile seo san áireamh sna cuspóirí a leagadh síos do*ls í an Leabharlann an Áit*, seans go mbeidh tionchar níos tromchúisí fós ag na hathruithe nach raibh an dara rogha ag na seirbhísí leabharlainne poiblí ach iad a chur i bhfeidhm mar fhreagairt i leith na paindéime COVID-19. Seoladh *Ár Leabharlanna Poiblí 2022* i mí an Mheithimh 2018 agus bhíothas i mbun í a chur i bhfeidhm 21 mí roimh theacht COVID-19 ar an saol. Le linn na tréimhse sin bhí dlús curtha le cur i bhfeidhm na straitéise agus bhíothas tar éis garspriocanna tábhachtacha, lena n-áirítear deireadh a chur le fíneálacha, a bhaint amach roimhe sin. Mar sin féin, agus gan iad in ann go leor dá seirbhísí aghaidh-ar-aghaidh agus fisiciúla a chur ar fáil ar feadh i bhfad, tháinig athrú ar thosaíochtaí na leabharlanna de réir a chéile.

2 Uasdátú ar an Tuarascáil Treochta IFLA 2021, Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann agus na nInstitiúidí. https://www.ifla.org/news/ifla-trend-report-2021-update-released/







Cás-Staidéar

## Leabharlanna Poiblí in Éirinn in aimsir COVID-19

Chuaigh ár leabharlanna i ngleic go gasta leis na dúshláin a thit amach de dheasca COVID-19 le linn 2020 agus 2021. Cé go raibh na foirgnimh leabharlainne dúnta go fisiciúil, lean an earnáil de sheirbhísí bunriachtanacha a chur ar fáil i gcaitheamh na paindéime ar fad. Tharraing an Taoiseach aird ar bhaill foirne leabharlainne mar oibrithe bunriachtanacha in óráid a thug sé i mí an Mhárta 2020, agus bhí ról lárnach acu sna Fóraim Freagartha Pobail a cuireadh ar bun in údaráis áitiúla. Leathnaíodh amach ar fud na tíre seirbhísí seachadta leabhar go baile do dhaoine a bhí "ag clutharú" mar aon le seirbhísí "cliceáil agus bailigh" ag na brainsí. Rinneadh tiontú tapa ar níos mó ríomhleabhar agus closleabhar a sholáthar agus chláraigh breis agus 150,000 léitheoir digiteach nua lena leabharlann áitiúil in 2020 dá bharr, agus breis agus 200,000 in 2021. D'éirigh baill foirne leabharlainne ina láithreoirí digiteacha agus saineolaithe meán sóisialta nuair a iarradh orthu amanna scéalaíochta ar líne a chur i láthair do pháistí, nó cainteanna faoi stair áitiúil a reáchtáil a d'fhéach na mílte úsáideoir in Éirinn agus ó gach cearn den domhan orthu. Agus, mar chuid den chlár Ambasadóirí Digiteacha a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, d'éirigh siad ina dteagascóirí freisin le linn dóibh míniú d'úsáideoirí breacaosta nár bhain úsáid as seirbhísí digiteacha na leabharlainne riamh conas dul ina bhun sin. Chuir na gníomhartha seo, mar aon le dhá fheachtas mhóra, Éire ag Léamh, agus Cothaigh Dlúthchaidreamh Leis an Nádúr Trí Do Bhia Féin a Fhás (clár fás do bhia féin) an tseirbhís go mór i mbéal an phobail nuair a cuireadh pobal na tíre faoi dhianghlasáil arís agus arís eile, agus thaitin an bhéim nua ar imeachtaí leabharlainne amuigh faoin aer le daoine chomh maith. Tháinig an earnáil amach as an ngéarchéim in 2022 le baill foirne a raibh tacair scileanna nua acu, úsáideoirí nua, agus deiseanna nua chun fáis i dtimpeallacht athraithe.

I gcroílár na n-athruithe seo, a chuaigh i bhfeidhm ar gach leabharlann poiblí ar fud na cruinne, bhí an ''tiontú ar an teicneolaíocht dhigiteach' a tharraing go leor cainte. Agus a gcuid foirgneamh dúnta don phobal, ba den ríthábhacht iad tairiscintí digiteacha do leabharlanna chun caidreamh a choimeád lena gcuid úsáideoirí agus chun seirbhísí ábhartha a sholáthar. Tháinig borradh mór faoi úsáid ríomhleabhar agus closleabhar i ngach áit, ach tuigeadh go tapa nach mbeadh na méaduithe ar léitheoireacht dhigiteach in ann an bhearna a líonadh maidir le líon na ndaoine a bhí fágtha gan iasachtaí de leabhair fisiciúla toisc na foirgnimh a bheith dúnta. I gcaitheamh 2020-2021, thit líon na n-earraí nithiúla a tógadh amach ar iasacht 40%-63% óna seirbhísí leabharlainne poiblí i gcomparáid leis na leibhéil a bhíodh i réim roimh theacht na paindéime. Bhí gá le hacmhainní breise freisin chun freastal ar an éileamh nua ar ríomhleabhair – i gcomparáid le leabhair chlóite a cheannach, bíonn níos mó costais ag baint le ríomhleabhair a cheadúnú do leabharlanna agus bíonn coinníollacha ceadúnaithe dochta ag baint leo.

Chuir an phaindéim iallach ar leabharlannaithe cuir chuige nua a ghlacadh chucu féin le go bhféadfaí gníomhaíochtaí digiteacha den scoth a chur ar fáil agus, chun é sin a bhaint amach, tugadh faoi uasoiliúint nach beag in Éirinn in 2020 agus 2021 i bhfoirm imeachtaí agus ceardlanna ar líne. Bhí sé seo ar aon dul le cúrsaí san Fhionlainn, áit a raibh leabharlannaithe a ndearnadh suirbhé orthu go luath sa phaindéim den tuairim nach raibh éalú ón nuálaíocht agus go raibh sé tar éis iallach a chur ar roinnt dá gcomhghleacaithe dul i muinín teicneolaíochta a raibh leisce orthu í a úsáid roimhe sin.[3]. Is den ríthábhacht é féachaint chuige go mbeidh neart scileanna digiteacha ag baill foirne leabharlainne i gcónaí agus déanfaidh *Is í an Leabharlann an Áit* a dhícheall chun é seo a chinntiú.

É sin ráite, tugann an tIontaobhas Carnegie rabhadh éigin faoin tiontú ar an teicneolaíocht dhigiteach i 'Making A Difference'[4]:

> "I measc na lochtanna atá ar sheachadadh digiteach tá: eisiamh digiteach a thagann salach ar fhor-rochtain; formáidí digiteacha ag cur isteach ar chumas na seirbhísí caidreamh gnaíúil a chothú le húsáideoirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh; agus gan seirbhísí a bheith in ann rochtain a thabhairt ar acmhainní nithiúla."

Tharraing an tIontaobhas Carnegie aird freisin ar na leaganacha digiteacha de sheirbhísí gan bheith chomh maith céanna leis na seirbhísí i bpearsa agus gur sop in áite na scuaibe iad le hais na mbuntáistí sibhialta, sóisialta agus pobail níos leithne a bhaineann le spásanna leabharlainne.

Is é seo croí na ceiste do na seirbhísí leabharlainne in Éirinn sna chéad chúig bliana eile: an chuid is fearr de na nithe digiteacha nua ar baineadh triail astu le linn COVID-19 ach aird a choimeád ar an bpobal, ar an úsáideoir agus ar a bhfuil uathu ón tseirbhís ag an am céanna. Nó mar a chuir páipéar sa Public Library Quarterly in iúl é in 2021:

"Caithfear ról difriúil a thabhairt do phobail, gan chaitheamh leo mar thomhaltóirí nach bhfuil ach ról éighníomhach acu, ach caitheamh leo mar chomhchruthaitheoirí a bhfuil ról gníomhach acu i gcruthú seirbhísí. Ar an gcaoi seo, tabharfar tús áite do phobail rannpháirteacha.[5]"

Ní féidir aon chuid de seo a bhaint amach gan cothromaíocht cheart a bhaint amach sa lucht saothair. Treocht amháin eile bainteach le COVID-19 atá thar a bheith tábhachtach ná an brú ar earcú agus ar choinneáil oibrithe leabharlainne atá le sonrú ar fud an domhain. Ní hiad na leabharlanna amháin atá thíos mar earnáil le dúshláin a bhaineann le hardú mór sa chostas maireachtála ard an dúil nua-aimsithe i gcianobair agus i ndálaí oibre níos solúbtha ach, mar sholáthraithe de sheirbhís siúil isteach, tá dúcheist chasta le réiteach acu. Is uaillmhian ríthábhachtach de*Is í an Leabharlann an Áit* láthair oibre tharraingteach a sholáthar ina bhféadann baill foirne leabharlainne a bheith ag súil le hoiliúint a fháil sna scileanna a bheidh de dhíth orthu chun éirí leo i dtimpeallacht ina bhfuil athmhachnamh á dhéanamh ar an gcothromaíocht idir fisiciúil agus digiteach.

## Leabharlanna agus Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

I mí Dheireadh Fómhair 2022 cuireadh leabharlanna poiblí san áireamh sa *Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024*[6]. Fágann sin go bhfuil Éire ar cheann de dhornán tíortha sa domhan atá i mbun leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le leabharlanna poiblí chun SFInna a bhaint amach, agus tá ár leabharlanna ar thús cadhnaíochta mar sin maidir le treochtaí sa leabharlannaíocht idirnáisiúnta. Tugann an plean aitheantas do leabharlanna poiblí mar institiúidí inbhuanaithe a bhfuil ról mór acu maidir le cuidiú le heolas, tuiscint agus acmhainní a thabhairt dár bpobail. Mar mhórpháirtithe leasmhara sa *Chlár Oibre d'Fhorbairt Inbhuanaithe 2030* iarrann an plean ar leabharlanna tacú le neart gnéithe sonracha den Chlár Oibre, lena n-áirítear litearthacht uilíoch, uileghabhálacht agus úinéireacht náisiúnta.

Sna chéad dhá bhliain eile amach romhainn, tacóidh an earnáil le gníomhaíochtaí náisiúnta SFInna, lena n-áirítear Seachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus cuirfear cláir leabharlainne in oiriúint do SFInna le gur féidir aon toradh ábhartha nó tionchar a eascróidh astu a chur le cion na hÉireann san Athbhreithniú Náisiúnta Deonach a dhéanfar ag na Náisiúin Aontaithe in 2023.

Is dlúthchuid de *Is í an Leabharlann an Áit* mar sin iad gníomhartha le tacú go díreach nó go neamhdhíreach le forbairt inbhuanaithe agus le gníomhú ar son na haeráide agus tá siad le sonrú ar fud na spriocanna straitéiseacha, go mór mór i gCuspóir Straitéiseach 6. Léiríonn Aguisín 2 na spriocanna SFI a rachaidh gníomhaíochtaí leabharlainne i bhfeidhm orthu idir 2023 agus 2027.

---

3 Haasio, A and Kannasto, E: COVID-19 and its impact in Finnish public libraries. Qualitative and Quantitative Methods in Libraries, 19.3.20 p 14 http://78.46.229.148/ojs/index.php/qqml/article/view/639

4 Peachey, Jenny: Making a difference: libraries, lockdown and looking ahead. Carnegie UK Trust, 2020 https://www.carnegieuktrust.org.uk/publications/making-a-difference-libraries-lockdown-and-looking-ahead/

5 Tammaro, A: The new normal: public libraries in Italy post-COVID-19. Public Library Quarterly, 19.1.21 https://www.tandfonline.com/doi/full/10.1080/10572317.2021.1869452

6 gov.ie – Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024 (www.gov.ie)

*“Bíonn baill foirne an-chabhrach i gcónaí agus ordóidh siad aon leabhar faoin spéir atá uaim.” [Duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin]*



## Téarnamh agus Teacht Aniar

Le linn dúinn straitéis nua a sheoladh, tá earnáil na leabharlainne ag teacht amach ó thréimhse chorraitheach ina raibh an saol go mór faoi shrian, ach tréimhse ina ndearnadh nuálaíocht agus gníomhaíocht nach beag atá ag dul ar aghaidh go fóill. D’athraigh an phaindéim cúrsaí ó bhonn, agus ní rabhthas in ann téarnamh iomlán a dhéanamh sular tháinig castachtaí eile sa mhullach orainn, iad ag eascairt as coimhlintí réigiúnacha agus an ghéarchéim fuinnimh dhomhanda a ghabh leis seo. Fós féin, is léir ó straitéisí an rialtais, anailís ar earnáil na leabharlainne agus tuairiscí sna meáin go bhfuil deis iontach le tapú ag earnáil na leabharlanna poiblí i láthair na huaire. É sin ráite, is den ríthábhacht é cúrsa stuama a choinneáil ó tharla roinnt dúshláin eiseach a bheith sa bhealach orainn chomh maith.

Ní mór do leabharlanna poiblí a bheith ina mórpháirtithe sna cláir téarnaimh atá ar siúl ar fud an domhain, in Éirinn san áireamh. Thaispeáin leabharlanna poiblí na hÉireann a mianach mar institiúid a bhfuil an-teacht aniar inti agus an-tábhacht ag baint léi le linn géarchéim náisiúnta, agus is tráthúil leanúint ar aghaidh le hinfheistiú a dhéanamh inár leabharlanna agus tacú leo. Ó thaobh téarnaimh de, tá róil ríthábhachtacha idir lámha ag leabharlanna poiblí cheana féin – iad ag tacú le hionchuimsiú digiteach, i mbun oiliúint i scileanna litearthachta agus teicneolaíochta a chur ar fáil dóibh siúd atá ar thóir oibre, agus iad ag tacú le pobail imeallaithe faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar sheirbhísí rialtais.

Dúshlán mhór ar gá aghaidh a thabhairt air is ea daoine a spreagadh, i ndiaidh na paindéime, chun dlúthbhaint a bheith acu arís lenár n-institiúidí, láir ár mbailte agus ár n-áiseanna pobail. Mar institiúidí poiblí atá oscailte do chách i gcroílár ár cathracha, bailte, agus sráidbhailte, tá deis ar leith ag leabharlanna tabhairt faoin dúshlán seo. Agus í ag teacht le príomhbheartais náisiúnta um théarnamh, agus an bhéim atá inti ar chur chuige uile-rialtais a ghlacadh i leith seirbhísí leabharlainne a sholáthar, cuireann *Is í an Leabharlann an Áit* bonn daingean fúinn ónar féidir linn cur leis na hiarrachtaí atá ar bun chun ár sochaí a chur ar ais ar a seanléim arís tar éis tréimhse an-chrua a chur dínn.



*“Bíonn na baill foirne cairdiúil, gairmiúil, cuiditheach agus fáilteach i gcónaí. Bainimid taitneamh as an rogha leabhar atá ar fáil agus as cláir léitheoireachta amhail ‘Réaltaí an tSamhraidh’. Feicimid go bhfuil ár leabharlann áitiúil á feabhsú ar go leor bealaí i dtaca le leabhair nua a sholáthar agus an chaoi a gcuirtear ar an leabharlann i gcoitinne de. Is mór againn gur áit thaitneamhach í ár leabharlann agus gur áit í ar féidir cuairt a thabhairt uirthi agus a bheith i bhfochair daoine gnaíúla. Go raibh míle maith agaibh agus bail ó Dhia ar an obair.” [Duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin]*

# 6. Dul i gComhairle faoin Straitéis

Le go bhféadfaí neart tuairimí a fháil ó úsáideoirí leabharlainne agus ó pháirtithe leasmhara eile, tugadh faoi chlár comhairliúcháin cúig seachtaine i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2022 maidir le dréachtchreat straitéiseach mar chabhair chun an leagan deiridh de *Is í an Leabharlann an Áit* a chur le chéile. An cuspóir ba mhó ag an gcomhairliúcháin ba ea tuairimí a lorg faoin gcreat a bhí beartaithe agus tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcaí i leith na seirbhíse leabharlainne. D'iarr sé aiseolas freisin faoi conas ab fhéidir seirbhísí a fheabhsú ó thaobh rochtain, úsáid, agus fheiceálacht na leabharlanna poiblí de.

Bhí cead ag gach duine, in Éirinn agus thar lear, páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Rinneadh fógraíocht mhór faoin suirbhé i meáin éagsúla agus í dírithe ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí, agus reáchtáladh clár ceardlann, fócasghrúpaí agus agallamh ar bhonn aonair le príomhpháirtithe leasmhara.

Fuarthas freagraí iomadúla mar chuid den chomhairliúchán poiblí: cuireadh 2,792 freagra isteach ar líne, agus cuireadh 201 cóip páipéir isteach.

Agus clár d'fhócasghrúpaí agus de cheardlanna curtha ar siúl le páirtithe leasmhara ag an am céanna, ceapadh ceistneoir dírithe go sonrach ar pháirtithe leasmhara agus reáchtáladh agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara maidir le cur i bhfeidhm na seirbhíse leabharlainne. Meastar gur bonn tathagach é seo chun an straitéis a fhorbairt air.

## Torthaí an Chomhairliúcháin

Ba léir ó na freagraí a fuarthas ón gcomhairliúchán go raibh daoine an-sásta leis an tseirbhís, cé gur tharraing siad aird ar roinnt réimsí a d'fhéadfadh a bheith níos fearr. Ba léir ón aiseolas dearfach a fuarthas:

- gur bhain 90% de fhreagróirí an tsuirbhé phoiblí leas sa seirbhís leabharlainne an bhliain sin a d'imigh tharainn
- go raibh 87% d'fhreagróirí an tsuirbhé phoiblí sásta leis an tseirbhís leabharlainne trí chéile
- Maidir leis na trí réimse de sholáthar seirbhíse ba mhó a raibh daoine sásta leo bhí leabhair, caighdeán na seirbhíse do chustaiméirí, agus cuma agus bail fhisiciúil na leabharlann trí chéile.
- Léiríodh an-mheas ar sheirbhísí leabharlainne i gcoitinne, ar an réimse d'acmhainní atá ar fáil agus ar an dúthracht agus an díograis lena dtéann baill foirne i mbun a gcuid oibre
- Thaitin sé go mór le daoine go raibh sé de rogha acu ábhar a ordú ó aon leabharlann sa tír le hé a bhailiú ag leabharlann áitiúil an úsáideora
- Ba léir gur thuig daoine a thábhachtaí agus atá leabharlanna mar lárionaid ónár féidir léitheoireacht, foghlaim agus an taitneamh a bhaintear as an dá rud seo a chothú i measc an phobail – agus mar chrann seasta do chláir litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.

### Dul i gComhairle faoin Straitéis

**17**
eagrú na rannpháirtithe líon na suirbhéanna a tugadh ar ais

Beirt phríomh-rannpháirtithe Grúpaí Fócais i gcomhar le
**23**
eagraíochtaí

Agallaimh le príomh-rannpháirtithe

**2,993**
ceistneoirí a tugadh ar ais

Fócasghrúpaí i gcomhar le
**breis agus 300**
ball foirne

Aiseolas ó ranna rialtais

**Ceardlanna**

Ceardlann i gcomhar le Stiúrthóir Seirbhísí Údaráis Áitiúil

Ceardlann le daoine óga faoi 18 mbliana d'aois

Ceardlann le Leabharlannaithe Cathrach agus Contae

Ceardlann (as Gaeilge) le rannpháirtithe i bpobal labhartha na Gaeilge

Tabhair faoi deara: is féidir liosta de fhreagróirí comhairliúcháin a fháil in Aguisín 4




- Is tearmainn iad leabharlanna i bpobail agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le seirbhísí a sholáthar do pháistí agus do theaghlaigh ar as ceantair faoi mhíbhuntáiste ó dhúchas iad, agus grúpaí eile atá scoite amach nó ar deacair dul i gcion orthu, go háirithe i gceantair tuaithe.

Roinnt réimsí go bhféadfaí feabhas a chur orthu:

- Gan an tairiscint leabharlainne a bheith ar comhchaighdeán ar fud na tíre
- Úsáideoirí i gceantair áirithe ag iarraidh go sínfí seirbhísí leabharlainne taistil chomh fad leo
- Ba cheart do leabharlanna níos mó a dhéanamh chun tacú le inbhuanaitheacht timpeallachta agus gníomhú ar son na haeráide
- Caithfear fógraíocht a dhéanamh faoi sheirbhísí leabharlainne, ó tharla go leor de na daoine nach n-úsáideann iad a bheith aineolach fós faoin réimse seirbhísí atá ar fáil, go háirithe i dtaca le teicneolaíocht de
- Luaigh daoine nach úsáideoirí iad gur tháinig an phaindéim, easpa ama agus uaireanta oscailte ró-ghearr idir iad agus na seirbhísí a úsáid

## Réimse Tosaíochta a sainaithníodh i gcomhairl*Is í an Leabharlann an Áit*

Nuair a cuireadh i dtoll a chéile iad, ba léir ón suirbhé poiblí agus ó dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara go raibh roinnt réimsí tosaíochta ann ar cheart do *Is í an Leabharlann an Áit* aghaidh a thabhairt orthu:

- Clár tógála caipitil do leabharlanna
- Cur chuige a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas a leathnú amach do sheirbhísí
- Áit ar leith a bhaint amach do leabharlanna mar acmhainn bhunriachtanach do dhaoine breacaosta
- Fógraíocht a spriocdhíriú ar dhaoine óga agus ar dhéagóirí agus cur le stoc agus le seirbhísí dóibh
- Comhpháirtíochtaí a chothú agus obair i gcomhar le hearnálacha leabharlainne eile
- Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní Gaeilge, agus seirbhísí agus cnuasaigh nua a fhorbairt do theangacha agus pobail nua eile
- Cnuasaigh staidéir áitiúil agus chartlainne a chur chun cinn, agus ábhair a dhigitiú do lucht léite níos leithne
- Pleanáil a dhéanamh i leith lucht saothair agus forbairt foirne, idir earcaíocht agus choinneáil foirne agus fhorbairt scileanna agus chlár ceannaireachta a bhunú
- Cur chuige fianaisebhunaithe agus bunaithe ar shonraí a fhorbairt mar thaca chun seirbhísí a dhearadh le bheith úsáideoirlárnach
- Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus le Pleananna Gníomhaithe ar Son na hAeráide a chur i gcrích
- Síneadh ama a chur le huaireanta oscailte um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine
- Cur leis an méid spáis chun staidéar a dhéanamh ann agus a bheith mar áit do phobal
- Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le soláthar na leabharlainne taistil a leathnú amach

# 7. Fís, Misean agus Luachanna



## Ár bhFís

Tá leabharlanna poiblí na hÉireann ar thús cadhnaíochta maidir le gach duine i ngach pobal a chumasú agus tacú leo éirí eolach, nasctha, liteartha, agus na scileanna saoil a thabhairt dóibh atá de dhíth chun éirí sa saol.

## Ár Misean

Rochtain uilíoch ar eolas agus ar acmhainní a thabhairt chun léitheoireacht agus taitneamh a bhaintear aisti a chur chun cinn, mar aon le foghlaim ar feadh an tsaoil, scileanna saoil, oideachas agus plé le cultúr ar mhaithe le cur le saol daoine agus an phobail in Éirinn.





# Ár Luachanna

Ardchaighdeán agus Barr Feabhais

Iontaoibh agus Ionracas

Saoirseacht Intleachtúil

Rannpháirtíocht Shibhialta

Cruthaitheacht, Nuálaíocht, agus Samhlaíocht

Inrochtaineacht Uilíoch

Cothromas, Uileghabhálacht agus Éagsúlacht






# 8. Cuspóirí Straitéiseacha agus Áisitheoirí

## 1 Téama Straitéiseach: Daoine

### 1: Tá an léitheoireacht agus an litearthacht i gcroílár gach a ndéanaimid

#### Ár n-uallmhian

Beidh leabharlanna poiblí i gcroílár na n-iarrachtaí chun léitheoireacht agus litearthacht a fhorbairt sa phobal Cuirfimid deiseanna ar fáil do gach duine féinfhorbairt a dhéanamh mar dhaoine aonair liteartha agus eolacha chomh maith le léitheoireacht i mBéarla, i nGaeilge agus i dteangacha eile mar chaitheamh aimsire agus ar mhaithe le folláine a chur i mbéal an phobal. Cuirfear stoc leabhar den scoth ar fáil chuige sin i leabharlanna, leabharlanna taistil, ar líne agus trínár seirbhís dáilte náisiúnta.

#### Ár ngníomhartha straitéiseacha

1. Leathnófar amach an clár Cheart ag Cách ar Léamh agus líonraí áitiúla Cheart ag Cách ar Léamh le go nglacfadh níos mó páistí, daoine óga, teaghlaigh agus daoine fásta páirt i ngníomhaíochtaí léitheoireachta.
2. Beidh teacht ag gach úsáideoir leabharlainne ar chlub leabhar atá oiriúnach dóibh ó thaobh aoise agus cumais léitheoireachta de faoi dheireadh 2024.
3. Cuirfidh gach údarás leabharlainne imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl chun tacú leis an lá náisiúnta léitheoireachta Éire ag Léamh.
4. Cuirfimid cláir i bhfeidhm lena chinntiú go gcaithfear €4 go bliantúil in aghaidh an duine le linn shaolré na straitéise, agus go dtiocfaidh méadú ar an méid a chaitear ar leabhair i ngach údarás leabharlainne bliain i ndiaidh a chéile.
5. Cuirfear le líon na seirbhísí agus na n-ábhar trí Ghaeilge atá ar fáil i ngach údarás leabharlainne.
6. Tiocfaidh méadú 50% thar shaolré na straitéise ar an méid luach saothair a thugtar d'údair tríd an scéim Luach Saothair i Leith Iasachta Poiblí (LSIP) as iasachtaí fisiciúla.

#### Ár n-ailínithe straitéiseacha

7. Oibreoimid leis an an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an earnáil luathfhoghlama agus cúraim chun an clár Mo Leabharlann Bheag a fhorbairt, agus chun tacaíochtaí forbartha litearthachta agus léitheoireachta ar comhchaighdeán a sholáthar do leanaí.
8. Oibreoimid leis an Roinn Oideachais chun an soláthar seirbhísí leabharlainne do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna atá ann faoi láthair a fhorbairt agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann chun clár leathnaithe de thacaíochtaí leabharlainne a chur ar fáil dóibh i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta nua i leith litearthachta agus uimhearthachta atá an Roinn ag cur le chéile faoi láthair.
9. Oibreoimid leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; SOLAS; an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA); Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) agus páirtithe leasmhara eile, leas á mbaint againn as gníomhaíochtaí leabharlainne chun an straitéis Litearthacht ar Feadh an tSaoil d'Aosaigh a chur i bhfeidhm.
10. Oibreoimid i gcomhar le Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), Gaelchultúr agus le comhpháirtithe eile chun seirbhísí Gaeilge den scoth a chur ar fáil trí bhíthin na leabharlanna.

## 2: Leabharlanna do chách

### Ár n-uaillmhian

Cuirfidh leabharlanna poiblí feabhas ar dheiseanna saoil do chách agus cuirfidh siad rochtain, saor in aisce, ar fáil ar eolas, ar smaointe, ar chnuasaigh, agus ar spáis staidéir agus pobail ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar éagothroime shóisialta. Beidh deis ag gach duine a bheith ina b(h)all de leabharlann. Tacóimid le húsáideoirí imeallaithe faoi mhíbhuntáiste, cuirfimid fáilte roimh dhaoine nach bhfuil ach díreach tagtha chun na tíre agus cabhróimid leo imeascadh leis an bpobal. Iad siúd a bhfuil teicneolaíochtaí cúnta uathu, beidh teacht acu ar acmhainní litearthachta agus trealamh céadfach sa leabharlann.

Cuirfear fáilte roimh gach duine a thiocfaidh trí dhoirse ár seirbhíse leabharlainne agus leanfar de í a chur ar fáil mar sheirbhís saor in aisce do chách.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

11. Beidh líon na ndaoine a bhaineann leas gníomhach as leabharlann ar ais ag na leibhéil a bhí i réim in 2019 faoi dheireadh 2023 agus méadóidh siad a thuilleadh san iomlán le linn gach bliain eile sa straitéis.
12. Déanfar athbhreithniú sa chéad bhliain den straitéis ar uaireanta oscailte na leabharlainne agus ar cén tionchar a bhí ag an tSeirbhís Mo Leabharlann Oscailte ar mhaithe leis an gcur chuige is fearr a shainaithint i leith rochtain ar sheirbhísí leabharlainne.
13. Cuirfear seirbhísí leabharlainne for-rochtana, amhail leabharlanna taistil nó seirbhísí digiteacha, ar fáil do phobail uirbeacha, tuaithe agus oileáin atá ar an iargúil agus do dhaoine aonair nach féidir leo cuairt a thabhairt ar a leabharlann phoiblí amhail daoine atá gafa sa teach, nó daoine atá i dtithe altranais nó i bpríosúin.

### Ár n-ailínithe straitéiseacha

14. Oibreoimid leis an Roinn Sláinte, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus leis an earnáil sláinte chun Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann a fhorbairt a thuilleadh agus cuirfimid pacáiste tosaigh de sheirbhísí leabharlainne le chéile chun tacú le Clár Pobail Sláintiúla de chuid SláinteCare faoi dheireadh 2023.
15. Oibreoimid i gcomhpháirt leis an an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun an chéad 5 thionscnamh de Mo Leabharlann Bheag a fhorbairt go hiomlán le go dtacaítear le gach leanbh faoi bhun 6 bliana d'aois a bheith ina mbaill leabharlainne, agus measúnú fhianaisebhunaithe mar bhonn eolais faoin obair seo go léir.
16. Oibreoimid le hAoisbhá Éireann le gur féidir le gach leabharlann in Éirinn aitheantas a bhaint amach mar ionad atá báúil le haois faoi dheireadh shaolré na straitéise.
17. Cuirfimid le seirbhísí agus le háiseanna do dhéagóirí agus do dhaoine fásta óga agus déanfaimid iarracht iad a spreagadh chun leas agus taitneamh a bhaint as an leabharlann agus sinn ag obair i gcomhpháirt leis an earnáil oideachais agus le hógeagraíochtaí.
18. Cruthóidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail creat nua i gcomhpháirt leis an GBRÁ chun tuairimí a fháil ón rialtas, agus ó eagraíochtaí maoinithe tríú páirtí eile, lena n-áirítear foinsí daonchairdiúla, ar mhaithe le tacú le cláir leabharlainne agus feabhas a chur orthu ar bhealach a dhíríonn ar gach cuid den phobal.
19. Oibreoimid leis an Roinn Dlí agus Cirt, le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus le rialtóirí príosúin lena chinntiú go mbeidh Comhaontú Seirbhíse feidhmiúil ag gach údarás áitiúil ábhartha leis na bpríosúin atá ina limistéar agus go gcuirfear tús le seirbhísí comhaontaithe a sholáthar le linn 2023.






## 3: Scileanna Saoil

### Ár n-uaillmhian

Tacóidh leabharlanna poiblí le daoine aonair ag gach céim ina saol agus iad i mbun scileanna a fhorbairt agus caoi a choimeád orthu a bheidh riachtanach chun éirí leo i saol atá i mbun athrú. Beimid mar fhoinse eolais iontaofa agus réimse leathan de stoc leabhar, d'acmhainní foghlama ar líne agus i gcló á dtairiscint againn mar thaca le gach imeacht, ceardlann agus clár oiliúna a reáchtálaimid. Tacóimid le foghlaim ar feadh an tsaoil ar gach uile bhealach agus beimid mar chomhpháirtí ríthábhachtach sna hiarrachtaí chun cuimsiú digiteach a fheabhsú.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

20. Forbrófar scáthchlár náisiúnta d'acmhainní agus de ghníomhaíochtaí dár teideal 'Scileanna don Saol' agus cuirfear ar fáil é trí bhíthin gach údarás leabharlainne faoi dheireadh 2024 agus, mar chuid de, beidh:
    - Bunscileanna digiteacha
    - Litearthacht airgeadais
    - Tuiscint ar na meáin
    - Scileanna gnó agus fostaíochta
    - Feasacht sláinte
    - Nósanna maireachtála inbhuanaithe agus feasacht comhshaoil.

### Ár n-ailínithe straitéiseacha

21. Oibreoimid leis an Roinn Oideachais; an Roinn Airgeadais; Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; An Roinn Sláinte; an Roinn Coimirce Sóisialaí; Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (An Roinn Caiteachais & Athchóirithe Poiblí); Tuiscint ar na Meáin, Éire; Aoisbhá Éireann agus le gach gníomhaireacht ábhartha eile ar mhaithe le tacú le Scileanna don Saol agus leanúint le sainchláir, sain-teicneolaíocht agus sain-áiseanna a sholáthar d'úsáideoirí leabharlainne imeallaithe faoi mhíbhuntáiste.





# 2 Téama Straitéiseach: Spáis

## 4: Is dlúthchuid dár bpobal í an leabharlann.

### Ár n-uaillmhian

Leanfaidh leabharlanna poiblí orthu mar dhlúthchuid dár gcathracha, bailte, agus sráidbhailte. Mar an t-aon spás cathartha in go leor pobail, cuirfimid saoráidí iontaofa fáilteacha ar fáil a spreagann an pobal chun a bheith rannpháirteach agus a bhfuil teacht ag gach duine orthu agus iad ábhartha do chách. Cuirimid lenár ról mar an tseirbhís eolais sa líne thosaigh d'údaráis áitiúla, leanfaimid orainn ag treorú úsáideoirí chuig gníomhaireachtaí iontaofa eile agus chuig foinsí eolais chomh maith le haon tseirbhís nó spás a dhearadh i gcomhpháirt leis an bpobal. Is gné ríthábhachtach iad leabharlanna le cur san áireamh agus pleanáil ar siúl i leith athnuachan uirbeach agus tuaithe, forbairt pobail agus iarrachtaí chun tacú leis an ngeilleagar oíche, trí bhíthin uaireanta oscailte um thráthnóna agus an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

22. Féachaimid chuige go mbeidh líon na gcuairteoirí ar ais ag na leibhéil a bhí i réim in 2019 faoi dheireadh 2024, agus go dtiocfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí i ngach bliain eile den straitéis.
23. Cinnteoimid go mbeidh teacht saor in aisce ar spás le haghaidh cruinnithe, staidéir agus bualadh le chéile ag daoine aonair, ag eagraíochtaí áitiúla agus ag grúpaí.
24. Féachfaimid chuige go mbeidh baill foirne i ngach údarás leabharlainne in ann leas a bhaint as cuir chuige úsáideoirlárnacha, amhail smaointeoireacht deartha, agus iad i mbun seirbhísí leabharlainne a dhearadh.

### Ár n-ailínithe straitéiseacha

25. Oibrímid i gcomhar le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile chun foinsí maoinithe féideartha a iniúchadh do thionscadail a dhíríonn ar atógáil pobail a mbeidh deiseanna ag baint leo saoráidí leabharlainne a fhorbairt.
26. Oibreoimid leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le cinntiú go bhfuil tacaíocht ann do limistéir i leabharlanna a fhorbairt do pháistí agus do theaghlaigh le bheith ag teacht leis an straitéis *Na Chéad 5*.
27. Oibreoimid le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil le cinntiú go gcuirfear ról na leabharlainne san áireamh sna Pleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, le seoladh in 2023.

## 5: Ár bhFoirgnimh

### Ár n-uaillmhian

Cuirfidh leabharlanna poiblí ar chumas daoine lánleas a bhaint as seirbhísí agus saoráidí leabharlainne, lena n-áirítear spásanna le haghaidh rannpháirtíocht phobail, taighde, oideachas, agus fóillíocht. Soláthróidh ár leabharlanna bonneagar TFC is deireanaí agus méadóidh sé luasanna leathanbhanda ar mhaithe le tacú le forbairt agus soláthar seirbhísí nua agus nuálacha ar bhonn céimneach.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

28. Foilseofar Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlainne Poiblí nua le linn 2023 agus cuirfear tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh in 2024.
29. Forbrófar Clár Caipitil na Leabharlann agus é ag teacht leis an straitéis don tréimhse 2023-2027.
30. Déanfar gach foirgneamh leabharlainne nua agus athchóirithe a fhorbairt le freastal ar riachtanais an phobail, agus cloífidh siad leis an bPróiseas Bainistíochta Caipitil le gur féidir na caighdeáin is airde a bhaint amach i dtaca le tógáil, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht tionscadail chaipitil, comhlíonadh, inrochtaineacht agus soláthar seirbhíse de.

## 6: Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na haeráide

### Ár n-uaillmhian

Cuirfidh leabharlanna poiblí go mór le cuspóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta aeráide agus comhshaoil trí fhaisnéis, eolas agus cláir a chur ar fáil don phobal.

Cuirfimid le feasacht ár n-úsáideoirí i leith fuinnimh agus cuirfimid acmhainní faoi nósanna maireachtála éiceabhácha ar fáil dóibh, chomh maith le haird an phobail a tharraingt ar an méid atá idir lámha ag leabharlanna chun cur le geilleagar ciorclach na hÉireann.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

31. Tacóidh gach foirgneamh leabharlainne nua leis na Pleananna Gníomhaithe ar Son na hAeráide i leith éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheachta atá ag na hÚdaráis Áitiúla.
32. Agus uasghrádú á dhéanamh ar fheithiclí leabharlainne, tabharfaimid tús áite don aistriú go feithiclí leabharlainne hibrideacha, feithiclí faoi thiomáint hidrigine nó leictreacha le linn na straitéise.
33. Cuirfidh gach leabharlann eolas ar fáil don phobal faoi conas tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) agus Pleananna Gníomhaithe ar Son na hAeráide na hÉireann.
34. Cuirfidh gach leabharlann rochtain ar fáil d'úsáideoirí ar acmhainní ar mhaithe le tacú le haird a tharraingt ar choigilt fuinnimh sa bhaile agus ar mheasúnú ar choigilt fuinnimh.

### Ár n-ailínithe straitéiseacha

35. Oibreoimid leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun cuspóirí leabharlainne poiblí a bhaint amach faoin *bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024*, agus féachfaimid chuige go nglacfar ról na leabharlann poiblí isteach sna pleananna a cheapfar ina dhiaidh sin.
36. Oibreoimid i gcomhar le gach roinn rialtais ábhartha le cinntiú go gcuirfear gníomhaíochtaí leabharlann poiblí san áireamh san Athbhreithniú Deonach Náisiúnta 2023 atá le cur faoi bhráid an Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta um SFInna na NA.
37. Rachaimid i mbun plé le foirne um Ghníomhú ar Son na hAeráide na n-údarás áitiúil, le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le gníomhaireachtaí fuinnimh le cinntiú go mbeidh an córas leabharlainne páirteach i gcur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil.



# 3 Téama Straitéiseach: Naisc

## 7: Ár dTairiscint Dhigiteach

### Ár n-uaillmhian

Tacóidh leabharlanna poiblí le húsáideoirí a mbealach a dhéanamh tríd an saol digiteach agus cuirfidh siad rochtain ar an teicneolaíocht chuí ar fáil chun é seo a dhéanamh. Cuirfimid réimse leathan d'fhoinsí eolais iontaofa ar fáil, i leagan clóite agus i leagan digiteach, agus féachfaimid chuige go mbeidh baill foirne leabharlainne oilte ar fáil chun comhairle a chur ar úsáideoirí maidir le conas eolas iontaofa a aithint agus rochtain a fháil air. Agus sinn ag tabhairt san áireamh an méadú a tháinig ar líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí digiteacha le linn na paindéime, tabharfaimid rochtain do gach úsáideoir leabharlainne ar ríomhleabhair agus ar acmhainní digiteacha eile d'fhonn éascú a dhéanamh ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de d'earnáil na leabharlann phoiblí.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

38. Cuirfear feabhas leanúnach ar inrochtaineacht an Chórais Bainistíochta Leabharlainne agus an áisiúlacht don úsáideoir a bhaineann leis thar shaolré na straitéise ar mhaithe le barrfeabhais a chur ar an eispéireas úsáideora.
39. Forbrófar aipeanna chun rochtain a fháil ar an gcatalóg, ar acmhainní digiteacha agus ar sheirbhísí leabharlainne eile.
40. Le linn shaolré na straitéise déanfaimid féidearthachtaí éagsúla a mheá maidir le bonneagar ar leis an córas leabharlainne iad chun ríomhleabhair agus acmhainní digiteacha eile a sholáthar, i gcomhar le tíortha eile a chuir a leithéid ar bun cheana féin.
41. Faoi dheireadh 2023, forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm ar bhonn céimneach clár náisiúnta nua um thuiscint ar na meáin.
42. Forbrófar líonra nua de Leabharlanna Gigighiotán faoi 2025 chun seirbhísí idirlín fíor-ardluais a chur ar fáil d'úsáideoirí.

### Ár n-ailínithe straitéiseacha

43. I gcaitheamh na straitéise oibreoimid le foirne tionscadail na Mol Nasctha agus na Pointí Nasctha Leathanbhanda chun na roghanna a mheá maidir le feabhas a chur ar theacht an phobail ar acmhainní digiteacha leabharlainne agus iad a chur ar fáil ar bhonn níos leithne.
44. Trí pháirt a ghlacadh sa tionscadal Erasmus+ ADELE (Cumasú Digiteach Leabharlanna a Chur Chun Cinn san Eoraip), forbróimid i dteannta a chéile uirlis fhéinmheasúnaithe ar líne chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.

Cás-Staidéar

## Córas Bainistíochta Leabharlainne

Chuir earnáil na leabharlann poiblí Córas Bainistíochta Leabharlainne (CBL) nua i bhfeidhm in 2022 ar chaoi a dtugann aon phointe rochtana amháin d'úsáideoirí leabharlainne ar bhreis agus 13,000,000 earra atá i seilbh seirbhísí leabharlainne poiblí ar fud na tíre. Tá an tseirbhís seo tacaithe ag an tseirbhís dáileacháin náisiúnta a sheachadann earraí chuig agus a bhailíonn ó leabharlanna ar fud na tíre. Cuireann an CBL nua feidhmiúlacht bhreise ar fáil mar son le heispéireas úsáideora feabhsaithe do bhreis agus 765,000 úsáideoir leabharlainne ar fud na tíre.




## 8: Cultúr

### Ár n-uaillmhian

Beidh leabharlanna poiblí i lár an aonaigh ó thaobh gníomhaíochta cultúrtha de, iad ina bhfoinse inspioráide don chruthaitheacht agus á spreagadh chomh maith le bheith ina n-óstach d'eispéiris chultúrtha saor in aisce. Reáchtálaimid agus tacóimid le himeachtaí cultúrtha áitiúla, féilte, taispeántais, agus cláir chónaitheacha agus sinn ag obair i gcomhar le lucht cruthaitheachta go háitiúil agus ar bhonn náisiúnta. Bainimid leas as an díograis a d'eascair as an gclár Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain agus beimid ag obair as lámha a chéile lenár bpobail agus lenár gcomhpháirtithe áitiúla chun cuimhní cultúrtha a bhailiú agus a chaomhnú chomh maith le machnamh agus ceiliúradh a dhéanamh orthu.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

45. Faoi dheireadh 2023 cuirfimid moltaí ar fáil i dtaobh bonneagar nua ar líne a fhorbairt le go mbeadh teacht ag an bpobal ar oidhreacht chultúrtha, stair áitiúil, agus ábhair eile agus, le linn an chuid eile de shaolré na straitéise, oibreoimid chun na moltaí a chur i bhfeidhm.
46. Ceapfaidh agus reáchtálfaidh leabharlanna imeachtaí, gníomhaíochtaí, agus taispeántais mar chuid d'fhéilte náisiúnta a dhéanann cultúr na hÉireann a cheiliúradh leithéidí Criunniú na nÓg, Seachtain Na Gaeilge, Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta agus Oíche Chultúir.

### Ár n-ailínithe straitéiseacha

47. Déanfaimid níos mó plé ar bhonn náisiúnta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meáin agus le hÉire Ildánach chun plé a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun comhar a dhéanamh ar bhealach comhordaithe agus sinn ag iarraidh i gcónaí baint mhór a bheith ag na leabharlanna le comhpháirtíochtaí go háitiúil trí na Cláir um Pobail Chruthaitheacha.
48. Leanfaimid orainn ag tacú le leabharlanna idirphlé a dhéanamh le heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla go háitiúil agus le haird a bheith acu i gcónaí ar na deiseanna atá ann obair i gcomhar a dhéanamh.
49. Oibreoimid leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le páirtithe leasmhara i measc leabharlanna na hEorpa chun róil iomadúla na leabharlanna a neartú mar thairseacha chun agus lucht scaipthe de shaothair chultúrtha, scileanna agus luachanna Eorpacha, mar a leagtar amach i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh do Chultúr 2023-2026.

## 9: Comhpháirtíocht Trasteorann agus Trasnáisiúnta

### Ár n-uaillmhian

Oibreoidh leabharlanna poiblí i gcomhar ar bhonn trasteorann agus trasnáisiúnta chun eiseamláirí de dhea-chleachtas a chomhroinnt agus deiseanna a iniúchadh i dtaobh comhthionscnamh agus comhchistiú. Déanfaimid muintearas le heagraíochtaí nach raibh baint againn leo roimhe seo agus neartóimid na caidrimh atá againn le heagraíochtaí Eorpacha agus domhanda chun ionchur leabharlanna poiblí na hÉireann sa leabharlannaíocht idirnáisiúnta a neartú. Leanfaidh Forbairt Leabharlanna, GBRÁ d'idirphlé gníomhach a dhéanamh le líonraithe idirnáisiúnta thar ceann na hearnála.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

50. Féachfaimid chuige go mbeidh comhoibriú gníomhach i líonraí AE agus idirnáisiúnta chun bonn eolais a chur faoi eiseamláirí de dhea-chleachtais chomh maith le hiad a fhorbairt agus a chomhroinnt, agus chun cur le taighde idirnáisiúnta.
51. Faoi dheireadh na tréimhse straitéise beimid tar éis clár um fhorbairt ghairmiúil a dhearadh agus a chur i gcrích i gcomhpháirt le Leabharlanna TÉ agus ár n-aird ar cheannairí leabharlainne nua a chothú.
52. Faoi dheireadh na tréimhse straitéise beifear tar éis líonra idirnáisiúnta de thíortha comhchéime san Eoraip a chur ar bun ar mhaithe le dea-chleachtais agus malartuithe staidéir a dhéanamh chun scileanna na ceannaireachta leabharlainne atá ann cheana a fhorbairt a thuilleadh.

### Ár n-ailínithe straitéiseacha

53. Comhoibreoimid lenár macasamhlacha i dTuaisceart Éireann le gur féidir linn iniúchadh a dhéanamh i dteannta a chéile ar na deiseanna atá ann maidir le tionscnamh Oileáin Chomhroinnte a mhaoiniú.
54. Oibreoimid i gcomhar leis na hÚdaráis Náisiúnta maidir le Leabharlanna Poiblí san Eoraip (NAPLE), le Biúró Eorpach na gCumann Leabharlainne, Faisnéise agus Doiciméadachta (EBLIDA), Leabharlanna Poiblí 2030 agus Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann agus na nInstitiúidí Leabharlainne (IFLA) chun aird a tharraingt ar leabharlanna na hÉireann go hidirnáisiúnta agus chun dea-chleachtas a fhorbairt.






# Áisitheoirí Straitéiseacha

Beidh trí áisitheoir straitéiseacha mar chrainn sheasta do thosaíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích: sonraí agus dearadh, margaíocht agus, thar aon ní eile, baill foirne leabharlainne.

## 10: Dearadh Seirbhíse atá Tacaithe ag Sonraí agus É Dírithe ar an Úsáideoir

### Ár n-uaillmhian

Ar mhaithe le tuiscint a fháil ar riachtanais ár bpobal, baileoimid agus déanfaimid anailís ar shonraí agus tabharfaimid faoi anailís ar na riachtanais agus faoi chreataí meastóireachta tionchair a fhorbairt le gur féidir linn seirbhísí a sholáthar ar an mbonn sin. Cruthóimid córais chuíchóirithe agus éifeachtacha le taifead agus anailís a dhéanamh ar shonraí bainteach le seirbhísí leabharlainne chun tacú leis seo.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

55. Faoi dheireadh 2024 beidh deais sonraí ar fáil do cheannairí leabharlainne chun tacú le cinntí a dhéanamh agus seirbhísí a dhearadh, agus cuirfear leagan de os comhair an phobail ina dhiaidh sin le linn shaolré na straitéise.
56. Déanfar athbhreithniú ar na modhanna atá coitianta faoi láthair chun tionchar na gclár leabharlainne náisiúnta agus na dtionscadal maoinithe a mheas, cuirfear oiliúint ar bhaill foirne údaráis leabharlainne chun creataí meastóireachta agus tionchair nuashonraithe a chur i bhfeidhm
57. Forbrófar cur chuige náisiúnta chun tacú le hanailís a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí, agus cuirfear cuir chuige dearaidh úsáideoirlárnaigh i bhfeidhm ar bhonn níos leithne ar fud na hearnála leabharlainne ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi sheirbhísí a dhearadh agus a fhorbairt.
58. Déanfar monatóireacht ghrinn ar an méid a chaitheann údaráis áitiúla ar sheirbhísí leabharlainne le gur féidir leibhéal comhsheasmhach infheistíochta a bhaint amach sa tseirbhís lá níos faide anonn

## 11: Margaíocht

### Ár n-uaillmhian

Cuirfear leabharlanna poiblí chun cinn trí fheachtais mhargaíochta náisiúnta agus trí fheachtais chomhordaithe áitiúla gach bliain. Bainfimid leas as faisnéis iontaofa chun bonn eolais a chur faoi ár margaíocht, agus oibreoimid i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla d'fhonn féachaint chuige go ndéanfar fógraíocht atá le leas an dá thaobh. Tarraingeofar aird i gcónaí ar an mbaint atá ag leabharlanna le haon fheachtas nó aon tionscnamh náisiúnta ábhartha.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

59. Tacófar le gach údarás áitiúil chun feachtas margaíochta bolscaireachta áitiúil a fhorbairt a fhéachann le tuilleadh daoine a mhealladh chun ballraíocht a ghlacadh i agus leas a bhaint as a leabharlann áitiúil.
60. Reáchtálfar lá oscailte náisiúnta na leabharlanna poiblí gach bliain le linn na straitéise agus é mar dheis do leabharlanna gach a bhfuil le tairiscint acu a chur os comhair an phobail.
61. Cuirfear oiliúint go bliantúil ar bhaill foirne leabharlainne maidir le margaíocht agus cumarsáid.

**Cás-Staidéar**

## Tabhair Suntas Dóibh

Reáchtáladh an chéad fheachtas náisiúnta in 2020 chun leabharlanna poiblí a chur i mbéal an phobail agus a d'iarr ar dhaoine athmhachnamh a dhéanamh agus 'suntas a thabhairt' do na seirbhísí leabharlainne nua-aimseartha agus nuálacha atá ar fáil in Éirinn. Scaipeadh feachtas margaíochta greannmhar inar ghlac baill foirne leabharlainne iad féin páirt ann agus a raibh stíl fhisiúil ar leith aige. Bhaineamar leas as na meáin shóisialta, an raidió, na meáin chlóite, ardáin físeáin ar éileamh agus as fógraí sa phictiúrlann chun dea-íomhá de leabharlanna poiblí nua-aimseartha a chur in iúl agus chun úsáideoirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil ar an gcéad Lá Oscailte Náisiúnta na Leabharlann Poiblí riamh a bhí le tarlú ar an 29 Feabhra. Le linn an fheachtais, tháinig méadú 17% ar líon na mball leabharlainne nua i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin. Tháinig méadú 90% ar líon na ndaoine a ghlac ballraíocht ar líne agus tháinig méadú 228% ar líon na gcuairteanna ar shuíomh gréasáin Leabharlanna Éireann le linn an fheachtais. Tharraing an feachtas seo go leor cainte go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus bronnadh Gradam Margaíochta Idirnáisiúnta IFLA/Pressreader air in 2021.



## 12: Baill Foirne Leabharlainne

### Ár n-uaillmhian

Is iad baill foirne na leabharlann phoiblí an ghné is tábhachtaí den straitéis. Is iad a gcuid scileanna, an tseirbhís do chustaiméirí a thugann siad agus a dhúthrachtaí is atá siad is cúis leis an réimse iontach seirbhísí atá á cur ar fáil i láthair na huaire. Má bhíonn meas againn ar ár mbaill foirne leabharlainne agus má infheistímid iontu, beimid in ann ár n-uaillmhian a bhaint amach: is é sin, leabharlanna a bheith mar chroí agus anam i ngach pobal.

### Ár ngníomhartha straitéiseacha

62. Beidh cur i bhfeidhm na bpleananna luchta saothair tugtha chun críche, agus cuirfear straitéisí luchta saothair in oiriúint do riachtanais ball foirne chun straitéis a cheapadh a chinnteoidh go mbeidh a dhóthain ball foirne ag ár leabharlanna.
63. Cuirfear cláir struchtúrtha, meantóireacht agus oiliúint ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i dtacar sainscileanna na mball foirne.
64. Ag tosú in 2023, cuirfear oiliúint chuimsitheach ar bhaill foirne ar mhaithe le cabhrú leo a gcuid sainscileanna digiteacha a fhorbairt agus cur leo, agus cuirfear cohórt de speisialtóirí leabharlainne digití le chéile in 2024 chun tacú le seirbhísí digiteacha níos fearr a sholáthar i ngach údarás leabharlainne.
65. Forbrófar clár ceannaireachta náisiúnta nua do bhaill foirne leabharlainne i rith 2024 agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn céimneach in 2025.
66. Déanfar athbhreithniú ar na cuir chuige atá ann cheana féin i leith earcaíochta agus lucht saothair a choinneáil i rith na chéad bhliana den straitéis ar mhaithe lena chinntiú go ndéanfar foireann dhúthrachtach agus éagsúil a fhorbairt atá oiriúnach do sheirbhísí leabharlainne a chur i gcrích le linn na tréimhse straitéise.

**Cás-Staidéar**

## Forbairt an Luchta Saothair

Reáchtáladh clár oiliúna náisiúnta do na baill foirne leabharlainne go léir ar Microsoft Teams in 2021 agus in 2022. Bunaíodh an clár ar thorthaí a fuarthas le linn iniúchadh a dhéanamh in 2020 ar scileanna ball foirne leabharlainne ar fud na seirbhísí leabharlainne, agus inar ghlac 983 ball foirne páirt ann. Mar chuid den chlár oiliúna ar líne cuireadh ceardlanna ar líne ar siúl agus oiliúnóirí gairmiúla ina mbun chomh maith le seisiúin roinnte scileanna ina ndearnadh baill foirne leabharlainne cur i láthair. B'fhollasach an tóir a bhí ar oiliúint ar líne sa líon mór daoine a d'fhreastail orthu; in 2021, ghlac 875 bhall foirne leabharlainne ó cheann ceann na seirbhísí leabharlainne páirt san oiliúint ar líne, agus ba iad 1,784 duine san iomlán a d'fhreastail ar na himeachtaí oiliúna an bhliain sin. Bhí an-tóir orthu arís in 2022 agus breis agus 1,000 ball foirne tar éis páirt a ghlacadh sa chlár ó bunaíodh é. Táthar tar éis ardán ar líne a fhorbairt freisin mar thaca d'oiliúint ball foirne leabharlainne agus postáiltear físeáin, taifeadtaí de sheimineáir agus de cheardlanna, de chur i láthair PowerPoint, agus acmhainní oiliúna eile air is féidir iad íoslódáil.

# 9. Cur Chun Feidhme agus Monatóireacht

## An Straitéis a Chur i bhFeidhm

Déanfaidh *Is í an Leabharlann an Áit* forbairt ar an méid a bhain na straitéisí roimhe amach agus ar na buanna ar leith atá ag leabharlanna poiblí in Éirinn. Tá sé d'uaillmhian aici cur le líon na ndaoine a ghlacann ballraíocht agus a bhaineann leas as an gcóras leabharlainne. Díreoidh sé ar na príomhthairiscintí de léitheoireacht agus de litearthacht agus ar spásanna leabharlainne agus bonneagar TF a fheabhsú chun an méid seo a bhaint amach. Is gné thábhachtach den chuspóir seo freisin cláir agus seirbhísí nuálacha athléimneacha a chur ar fáil agus an tír ar tí aghaidh a thabhairt ar thréimhse nua i ndiaidh COVID-19.

Bhain straitéisí náisiúnta leabharlann poiblí roimhe seo leas as comhpháirtíochtaí chun torthaí a bhaint amach, agus leanfar leis an gcur chuige seo sa straitéis nua. Maidir le gach téama agus sprioc den straitéis, leagann siad béim ar ailíniú straitéiseach le comhpháirtithe agus ar chur chuige uile-rialtais a ghlacadh, ar bhealach a tharraingíonn aird ar an obair i gcomhar atá ar súil cheana féin agus a chruthaíonn réimsí nua inar féidir tabhairt faoi chomhthionscadail.

Is iad na húdaráis áitiúla a chuirfidh an straitéis seo i bhfeidhm agus iad tacaithe ag an Aonad Forbartha Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP). Beidh ról lárnach ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i gcur i bhfeidhm na straitéise seo fad is a fhéachaimid le barrfheabhsú a dhéanamh ar sholáthar foirne na seirbhíse leabharlainne agus ar sheachadadh ár gcláir náisiúnta. Beidh ról tábhachtach ag ranna rialtais eile, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Oideachais, agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Taobh amuigh den rialtas, bainfimid leas as gcaidrimh tábhachtacha náisiúnta agus áitiúla a ndearnadh iad a fhorbairt agus a dhaingniú le linn *Ár Leabharlanna Poiblí 2022*, a chur i bhfeidhm d'fhonn seirbhísí leabharlainne ábhartha agus pobaldhírithe a sholáthar.

Forbrófar plean feidhmithe chun na céimeanna agus na riachtanais a leagan amach ar gá aghaidh a thabhairt orthu chun gach gníomh straitéiseach a chur i gcrích.

## Monatóireacht a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn

Is é an Coiste Forbartha Leabharlanna (CFL) a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm na straitéise. Is iad na comhaltaí ar an CFL ná Príomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil, Leabharlannaithe Cathrach agus Contae, agus ionadaithe ón GBRÁ agus an RFTP, agus is é an comhlacht is oiriúnaí chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar bhonn leanúnach. Tugann an Coiste tuairimí, saineolas agus taithí na bpríomhpháirtithe le chéile, agus déanann sé maoirseacht agus stiúrann sé forbairt straitéiseach earnáil na leabharlann poiblí. Táimid muiníneach gurb é an cur chuige comhpháirtíochta seo an bealach is fearr chun aidhmeanna agus fís na straitéise seo a bhaint amach ar bhealach a rachaidh chun sochair do gach duine agus do gach pobal.

Is iad na húdaráis áitiúla a chuirfidh cláir, tionscnaimh agus gníomhartha na straitéise i gcrích go háitiúil. Déanfaidh an tAonad Forbartha Leabharlann sa GBRÁ comhordú ar an gcur chun feidhme náisiúnta, agus iad ag obair leis an CFL. Déanfar measúnú agus monatóireacht chun tuiscint a fháil ar conas atá *Is í an Leabharlann an Áit* á chur i bhfeidhm agus an amhlaidh go bhfuil torthaí á mbaint amach. Cuirfear leis an gcur chuige seo trí athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar chláir ag céimeanna tábhachtacha sa phróiseas agus beifear in ann tionchar iomlán na straitéise a thomhas de bharr seo.

Is iad na príomhpháirtithe leasmhara a bheidh sa phróiseas ná an 30 Leabharlannaí Cathrach agus Contae a rachaidh i mbun plé le coistí straitéise ar mhaithe le tacú lena cur i bhfeidhm. Glacfaidh na coistí orthu féin gnéithe ábhartha den straitéis agus socróidh siad córais chun dul chun cinn a thomhas agus le gur féidir tuairisciú ar dhul chun cinn a dhéanamh don Choiste Forbartha Leabharlann.

Ar mhaithe leis an bpróiseas seo a éascú, ag tús phróiseas chur chun feidhme na straitéise, déanfaidh an Coiste Forbartha Leabharlann creat torthaí a fhorbairt agus táscairí feidhmíochta de thorthaí agus d'aschuir cuí le dul leis. Tabharfar faoi athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an straitéis mar chuid den chéad straitéis leabharlainne eile a ullmhú in 2027.

*"Bím ag freastal ar Ciorcal Comhrá gach seachtain"*

*[Duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin]*



# Aguisín 1: Plean Gníomhaíochta

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Daoine** | | | | |
| **1: Tá an léitheoireacht agus an litearthacht i gcroílár gach a ndéanaimid** | | | | |
| 1 | Leathnófar amach an clár Cheart ag Cách ar Léamh agus líonraí áitiúla Cheart ag Cách ar Léamh le go nglacfadh níos mó páistí, daoine óga, teaghlaigh agus daoine fásta páirt i ngníomhaíochtaí léitheoireachta. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | RFTP, RLCMLÓ, RBATNE, an Roinn Oideachais, NALA, SOLAS, Spórt Éireann |
| 2 | Beidh teacht ag gach úsáideoir leabharlainne ar chlub leabhar atá oiriúnach dóibh ó thaobh aoise agus cumais léitheoireachta de faoi dheireadh 2024. | R4 2024 | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 3 | Cuirfidh gach údarás leabharlainne imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl chun tacú leis an lá náisiúnta léitheoireachta Éire ag Léamh. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 4 | Cuirfear cláir i bhfeidhm le cinntiú go gcaithfear €4 go bliantúil in aghaidh an duine le linn shaolré na straitéise, agus go dtiocfaidh méadú ar an méid a chaitear ar leabhair i ngach údarás leabharlainne bliain i ndiaidh a chéile. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | CCMA |
| 5 | Cuirfear le líon na seirbhísí agus na n-ábhar trí Ghaeilge atá ar fáil i ngach údarás leabharlainne. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), (COGG), Gaelchultúr |
| 6 | Tiocfaidh méadú 50% thar shaolré na straitéise ar an méid luach saothair a thugtar d'údair tríd an scéim Luach Saothair i Leith Iasachta Poiblí (LSIP) as iasachtaí fisiciúla. | R4 2027 | RFTP | GBRÁ, Leabharlann na Breataine |
| 7 | Oibreoimid leis an an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an earnáil luathfhoghlama agus cúraim chun an clár Mo Leabharlann Bheag a fhorbairt, agus chun tacaíochtaí forbartha litearthachta agus léitheoireachta ar comhchaighdeán a sholáthar do leanaí. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | RLCMLÓ, an earnáil Luathfhoghlama & Cúraim |
| 8 | Oibreoimid leis an Roinn Oideachais chun an soláthar seirbhísí leabharlainne do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna atá ann faoi láthair a fhorbairt agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann chun clár leathnaithe de thacaíochtaí leabharlainne a chur ar fáil dóibh i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta nua i leith litearthachta agus uimhearthachta atá an Roinn ag cur le chéile faoi láthair. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | An Roinn Oideachais |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Daoine** | | | | |
| 9 | Oibreoimid leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; SOLAS; an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA); Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) agus páirtithe leasmhara eile, leas á mbaint againn as gníomhaíochtaí leabharlainne chun an straitéis Litearthachta ar Feadh an tSaoil d'Aosaigh a chur i bhfeidhm. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | RBATNE, SOLAS, NALA, BOOÉ |
| 10 | Oibreoimid i gcomhar le Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), Gaelchultúr agus le comhpháirtithe eile chun seirbhísí Gaeilge den scoth a chur ar fáil trí bhíthin na leabharlanna. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), (COGG), Gaelchultúr |
| **2. Leabharlanna do chách** | | | | |
| 11 | Beidh líon na ndaoine a bhaineann leas gníomhach as leabharlann ar ais ag na leibhéil a bhí i réim in 2019 faoi dheireadh 2023 agus méadóidh siad a thuilleadh ar bhonn náisiúnta le linn gach bliain eile sa straitéis. | R4 2023 | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 12 | Déanfar athbhreithniú ar uaireanta oscailte na leabharlainne agus ar thionchar na Seirbhíse Mo Leabharlann Oscailte faoi dheireadh 2023 ar mhaithe leis an gcur chuige is fearr a shainaithint le linn an chuid eile den straitéis. | R4 2023 | LGMA | RFTP |
| 13 | Cuirfear seirbhísí leabharlainne for-rochtana, leabharlanna taistil agus seirbhísí digiteacha san áireamh, ar fáil do phobail tuaithe agus oileáin atá ar an iargúil agus do dhaoine aonair nach féidir leo cuairt a thabhairt ar a leabharlann phoiblí amhail daoine atá gafa sa teach, nó daoine atá i dtithe altranais nó i bpríosúin. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 14 | Oibreoimid leis an Roinn Sláinte, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus leis an earnáil sláinte chun Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann a fhorbairt a thuilleadh agus cuirfimid pacáiste tosaigh de sheirbhísí leabharlainne le chéile chun tacú le Clár Pobail Sláintiúla de chuid SláinteCare faoi dheireadh 2023. | R4 2023 | LGMA | RFTP, an Roinn Sláinte, FSS |
| 15 | Oibreoimid i gcomhpháirt leis an an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun Mo Leabharlann Bheag faoi scáth an tionscnamh Chéad 5 a fhorbairt go hiomlán le go dtacaítear le gur féidir le gach leanbh atá cúig bliana d'aois a bheith ina mbaill leabharlainne, agus measúnú fianaisebhunaithe mar bhonn eolais faoin obair seo go léir. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | DCEDIY |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Daoine** | | | | |
| 16 | Oibreoimid le hAoisbhá Éireann le gur féidir le gach leabharlann in Éirinn aitheantas a bhaint amach mar ionad atá báúil le haois faoi dheireadh shaolré na straitéise. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | Aoisbhá Éireann |
| 17 | Cuirfimid le seirbhísí agus le háiseanna do dhéagóirí agus do dhaoine óga agus déanfaimid iarracht iad a spreagadh chun leas agus taitneamh a bhaint as an leabharlann agus sinn ag obair i gcomhpháirt leis an earnáil oideachais agus le hógeagraíochtaí. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | Foróige |
| 18 | Cruthóidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail creat nua i gcomhpháirt leis an GBRÁ chun maoiniú a fháil ón rialtas, agus ó eagraíochtaí maoinithe tríú páirtí eile, lena n-áirítear ó fhoinsí daonchairdiúla, ar mhaithe le tacú le cláir leabharlainne agus feabhas a chur orthu ar bhealach a dhíríonn ar gach cuid den phobal. | Ar Siúl go Fóill | RFTP | LGMA |
| 19 | Oibreoimid leis an Roinn Dlí agus Cirt, le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus le rialtóirí príosúin lena chinntiú go mbeidh Comhaontú Seirbhíse feidhmiúil ag gach údarás áitiúil ábhartha leis na bpríosúin atá ina limistéar agus go gcuirfear tús le seirbhísí comhaontaithe a sholáthar le linn 2023. | R4 2023 | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | an Roinn Dlí agus Cirt, Seirbhís Phríosúin na hÉireann |
| **3. Scileanna Saoil** | | | | |
| 20 | Forbrófar scáthchlár náisiúnta d'acmhainní agus de ghníomhaíochtaí dár teideal 'Scileanna don Saol' agus cuirfear ar fáil é trí bhíthin gach údarás leabharlainne faoi dheireadh 2024 agus, mar chuid de, beidh:<br>• Bunscileanna digiteacha<br>• Litearthacht airgeadais<br>• Tuiscint ar na meáin<br>• Scileanna gnó agus fostaíochta<br>• Feasacht sláinte<br>• Nósanna maireachtála inbhuanaithe agus feasacht comhshaoil | R4 2024 | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | an Roinn Oideachais; an Roinn Airgeadais; an RBATNE; an Roinn Sláinte; an Roinn Coimirce Sóisialaí; Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais; Tuiscint ar na Meáin, Éire; SOLAS; Aoisbhá Éireann |
| 21 | Oibreoimid leis an Roinn Oideachais; an Roinn Airgeadais; Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; An Roinn Sláinte; an Roinn Coimirce Sóisialaí; Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (An Roinn Caiteachais & Athchóirithe Poiblí); Tuiscint ar na Meáin, Éire; Aoisbhá Éireann agus le gach gníomhaireacht ábhartha eile ar mhaithe le tacú le Scileanna don Saol agus leanúint le sainchláir, sain-teicneolaíocht agus sain-áiseanna a sholáthar d'úsáideoirí leabharlainne imeallaithe faoi mhíbhuntáiste. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | an Roinn Oideachais; an Roinn Airgeadais; an RBATNE; an Roinn Sláinte; an Roinn Coimirce Sóisialaí; Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais; Tuiscint ar na Meáin, Éire; SOLAS; Aoisbhá Éireann |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Spáis** | | | | |
| **4. Is dlúthchuid dár bpobal í an Leabharlann.** | | | | |
| 22 | Líon na gcuairteoirí a bheith ar ais ag na leibhéil a bhí i réim in 2019 faoi dheireadh 2024, agus méadú le teacht ar líon na gcuairteoirí i ngach bliain eile den straitéis. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 23 | Teacht saor in aisce ar spás le haghaidh cruinnithe, staidéir agus bualadh le chéile le bheith ag daoine aonair, ag eagraíochtaí áitiúla agus ag grúpaí. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 24 | Baill foirne i ngach údarás leabharlainne a bheith in ann leas a bhaint as cuir chuige úsáideoirlárnacha, amhail smaointeoireacht deartha, agus iad i mbun seirbhísí leabharlainne a dhearadh. | R4 2024 | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 25 | Oibrímid i gcomhar le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile chun foinsí maoinithe féideartha a iniúchadh do thionscadail a dhíríonn ar atógáil pobail a mbeidh deiseanna ag baint leo saoráidí leabharlainne a fhorbairt. | R4 2024 | RFTP, GBRÁ | |
| 26 | Oibreoimid leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le cinntiú go bhfuil tacaíocht ann do limistéir i leabharlanna a fhorbairt do pháistí agus do theaghlaigh le bheith ag teacht leis an straitéis Na Chéad Chúig. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | RLCMLÓ, RFTP |
| 27 | Oibreoimid le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil le cinntiú go gcuirfear ról na leabharlainne san áireamh sna Pleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, le seoladh in 2023. | R4 2023 | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | CFPÁnna, LRPanna, RFTP |
| **5. Ár bhFoirgnimh** | | | | |
| 28 | Foilseofar Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlainne Poiblí nua le linn 2023 agus cuirfear tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh in 2024. | R4 2024 | RFTP, GBRÁ | |
| 29 | Forbrófar Clár Caipitil na Leabharlann agus é ag teacht leis an straitéis don tréimhse 2023-2027. | R4 2023 | RFTP, GBRÁ | |
| 30 | Déanfar gach foirgneamh leabharlainne nua agus athchóirithe a fhorbairt le freastal ar riachtanais an phobail, agus cloífidh siad leis an bPróiseas Bainistíochta Caipitil le gur féidir na caighdeáin is airde a bhaint amach i dtaca le tógáil, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht tionscadail chaipitil, comhlíonadh, inrochtaineacht agus soláthar seirbhíse de. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | RFTP |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Spáis** | | | | |
| **6. Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na haeráide** | | | | |
| 31 | Tacóidh gach foirgneamh leabharlainne nua leis na Pleananna Gníomhaithe ar Son na hAeráide i leith éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheachta atá ag na hÚdaráis Áitiúla. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 32 | Agus uasghrádú á dhéanamh ar fheithiclí leabharlainne, tabharfaimid tús áite don aistriú go feithiclí leabharlainne hibrideacha, feithiclí faoi thiomáint hidrigine nó leictreacha le linn na straitéise. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | RFTP |
| 33 | Cuirfidh gach leabharlann eolas ar fáil don phobal faoi conas tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) agus Pleananna Gníomhaithe ar Son na hAeráide na hÉireann. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 34 | Cuirfidh gach leabharlann rochtain ar fáil d'úsáideoirí ar acmhainní ar mhaithe le tacú le haird a tharraingt ar choigilt fuinnimh sa bhaile agus ar mheasúnú ar choigilt fuinnimh. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | RFTP, RCAC |
| 35 | Oibreoimid leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun cuspóirí leabharlainne poiblí a bhaint amach faoin bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024, agus féachfaimid chuige go nglacfar ról na leabharlann poiblí isteach sna pleananna a cheapfar ina dhiaidh sin. | R4 2024 | LGMA | GBRÁ, RCAC |
| 36 | Oibreoimid i gcomhar le gach roinn rialtais ábhartha le cinntiú go gcuirfear gníomhaíochtaí leabharlann poiblí san áireamh san Athbhreithniú Deonach Náisiúnta 2023 atá le cur faoi bhráid an Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta um SFInna na NA. | R2 2023 | LGMA | GBRÁ, RCAC, Roinn an Taoisigh |
| 37 | Rachaimid i mbun plé le foirne um Ghníomhú ar Son na hAeráide na n-údarás áitiúil, le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le gníomhaireachtaí fuinnimh le cinntiú go mbeidh an córas leabharlainne páirteach i gcur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | GBRÁ, CBCC, ORGAnna |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Naisc** | | | | |
| **7. Ár dTairiscint Dhigiteach** | | | | |
| 38 | Cuirfear feabhas leanúnach ar inrochtaineacht an Chórais Bainistíochta Leabharlainne agus an áisiúlacht don úsáideoir a bhaineann leis thar shaolré na straitéise ar mhaithe le barrfeabhais a chur ar an eispéireas úsáideora. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | |
| 39 | Forbrófar aipeanna chun rochtain a fháil ar an gcatalóg, ar acmhainní digiteacha agus ar sheirbhísí leabharlainne eile. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | |
| 40 | Le linn shaolré na straitéise déanfaimid féidearthachtaí éagsúla a mheá maidir le bonneagar ar leis an córas leabharlainne iad chun ríomhleabhair agus acmhainní digiteacha eile a sholáthar, i gcomhar le tíortha eile a chuir a leithéid ar bun cheana féin. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | RFTP |
| 41 | Faoi dheireadh 2023, forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm ar bhonn céimneach clár náisiúnta nua um thuiscint ar na meáin. | R4 2023 | LGMA | Tuiscint ar na Meáin, Éire |
| 42 | Forbrófar líonra nua de Leabharlanna Gigighiotán faoi 2025 chun seirbhísí idirlín fíor-ardluais a chur ar fáil d'úsáideoirí. | R4 2024 | LGMA | Ceannasaithe Seirbhísí Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, RFTP |
| 43 | I gcaitheamh na straitéise oibreoimid le foirne tionscadail na Mol Nasctha agus na Pointí Nasctha Leathanbhanda chun na roghanna a mheá maidir le feabhas a chur ar theacht an phobail ar acmhainní digiteacha leabharlainne agus iad a chur ar fáil ar bhonn níos leithne. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | RFTP, Poist Rialaithe Teorann, Moil Nasctha, Ceannasaithe Seirbhísí Faisnéise na nÚdarás Áitiúil |
| 44 | Trí pháirt a ghlacadh sa tionscadal Erasmus+ ADELE (Cumasú Digiteach Leabharlanna a Chur Chun Cinn san Eoraip), forbróimid i dteannta a chéile uirlis fhéinmheasúnaithe ar líne chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha. | R1 2024 | LGMA | Leabharlanna Poiblí 2030, EGINA, Comhairle um Chearta an Duine, Leabharlanna Domhanda Fhondúireacht na Bulgáire |
| **8. Cultúr** | | | | |
| 45 | Faoi dheireadh 2023 cuirfimid moltaí ar fáil i dtaobh bonneagar nua ar líne a fhorbairt le go mbeadh teacht ag an bpobal ar oidhreacht chultúrtha, stair áitiúil, agus ábhair eile agus, le linn an chuid eile de shaolré na straitéise, oibreoimid chun na moltaí a chur i bhfeidhm. | R4 2023 | LGMA | RFTP |
| 46 | Ceapfaidh agus reáchtálfaidh leabharlanna imeachtaí, gníomhaíochtaí, agus taispeántais mar chuid d'fhéilte náisiúnta a dhéanann cultúr na hÉireann a cheiliúradh leithéidí Criunniú na nÓg, Seachtain Na Gaeilge, Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta agus Oíche Chultúir. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | Éire Ildánach |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Naisc** | | | | |
| 47 | Déanfaimid níos mó plé ar bhonn náisiúnta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meáin agus le hÉire Ildánach chun plé a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun obair i gcomhar a dhéanamh ar bhealach comhordaithe agus beimid ag iarraidh i gcónaí baint mhór a bheith ag na leabharlanna le comhpháirtíochtaí go háitiúil trí na Cláir um Pobail Chruthaitheacha. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | an RTCEGSM, Éire Ildánach |
| 48 | Leanfaimid den idirphlé a bhíonn ar siúl ag leabharlanna a fhorbairt chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann maidir le hobair i gcomhar a dhéanamh le heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla ar bhonn áitiúil. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | Údaráis Áitiúla |
| 49 | Oibreoimid leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le páirtithe leasmhara eile i measc leabharlanna na hEorpa chun róil iomadúla na leabharlanna a neartú mar thairseacha chun agus lucht scaipthe de shaothair chultúrtha, scileanna agus luachanna Eorpacha, mar a leagtar amach i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh do Chultúr 2023-2026. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | GBRÁ, RGE |
| **9. Comhpháirtíocht Trasteorann agus Trasnáisiúnta** | | | | |
| 50 | Féachfaimid chuige go mbeidh comhoibriú gníomhach i líonraí AE agus idirnáisiúnta chun bonn eolais a chur faoi eiseamláirí de dhea-chleachtais chomh maith le hiad a fhorbairt agus a chomhroinnt, agus chun cur le taighde idirnáisiúnta. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | Údaráis Náisiúnta Maidir le Leabharlanna Poiblí san Eoraip, BECLFD, LP2030, IFLA |
| 51 | Faoi dheireadh na tréimhse straitéise beimid tar éis clár um fhorbairt ghairmiúil a dhearadh agus a chur i gcrích i gcomhpháirt le Leabharlanna TÉ agus ár n-aird ar cheannairí leabharlainne nua a chothú. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | Leabharlanna TÉ |
| 52 | Faoi dheireadh na tréimhse straitéise beifear tar éis líonra idirnáisiúnta de thíortha comhchéime san Eoraip a chur ar bun ar mhaithe le dea-chleachtais agus malartuithe staidéir a dhéanamh chun scileanna na ceannaireachta leabharlainne atá ann cheana a fhorbairt a thuilleadh. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | Údaráis Náisiúnta Maidir le Leabharlanna Poiblí san Eoraip, BECLFD, LP2030, IFLA |
| 53 | Comhoibreoimid lenár macasamhlacha i dTuaisceart Éireann le gur féidir linn iniúchadh a dhéanamh i dteannta a chéile ar na deiseanna atá ann maidir le tionscnamh Oileáin Chomhroinnte a mhaoiniú. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | Leabharlanna TÉ, RFTP, Roinn an Taoisigh |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Téama Straitéiseach: Naisc** | | | | |
| 54 | Oibreoimid i gcomhar leis na hÚdaráis Náisiúnta maidir le Leabharlanna Poiblí san Eoraip (NAPLE), le Biúró Eorpach na gCumann Leabharlainne, Faisnéise agus Doiciméadachta (EBLIDA), Leabharlanna Poiblí 2030 agus Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann agus na nInstitiúidí Leabharlainne (IFLA) chun aird a tharraingt ar leabharlanna na hÉireann go hidirnáisiúnta agus chun dea-chleachtas a fhorbairt. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | Údaráis Náisiúnta Maidir le Leabharlanna Poiblí san Eoraip, BECLFD, LP2030, IFLA |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Áisitheoirí Straitéiseacha** | | | | |
| **10. Dearadh Seirbhíse atá Tacaithe ag Sonraí agus É Dírithe ar an Úsáideoir** | | | | |
| 55 | Faoi dheireadh 2024 beidh deais sonraí ar fáil do cheannairí leabharlainne chun tacú le cinntí a dhéanamh agus seirbhísí a dhearadh, agus cuirfear leagan de os comhair an phobail ina dhiaidh sin le linn shaolré na straitéise. | R4 2024 | LGMA | |
| 56 | Déanfar athbhreithniú ar na modhanna atá coitianta faoi láthair chun tionchar na gclár leabharlainne náisiúnta agus na dtionscadal maoinithe a mheas, cuirfear oiliúint ar bhaill foirne údaráis leabharlainne chun creataí meastóireachta agus tionchair nuashonraithe a chur i bhfeidhm | Ar Siúl go Fóill | LGMA | RFTP |
| 57 | Forbrófar cur chuige náisiúnta chun tacú le hanailís a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí, agus cuirfear cuir chuige dearaidh úsáideoirlárnach i bhfeidhm ar bhonn níos leithne ar fud na hearnála leabharlainne ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi sheirbhísí a dhearadh agus a fhorbairt. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | |
| 58 | Déanfar monatóireacht ghrinn ar an méid a chaitheann údaráis áitiúla ar sheirbhísí leabharlainne le gur féidir leibhéal comhsheasmhach infheistíochta a bhaint amach sa tseirbhís lá níos faide anonn | Ar Siúl go Fóill | LGMA | CBCC, RFTP |
| **11. Margaíocht** | | | | |
| 59 | Tacófar le gach údarás leabharlainne chun feachtas margaíochta bolscaireachta áitiúil a fhorbairt a fhéachann le tuilleadh daoine a mhealladh chun ballraíocht a ghlacadh i agus leas a bhaint as a leabharlann áitiúil. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amscála | Na Príomh-eagraíochtaí Seachadta | Páirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|
| **Áisitheoirí Straitéiseacha** | | | | |
| 60 | Reáchtálfar lá oscailte náisiúnta na leabharlanna poiblí gach bliain le linn na straitéise agus é mar dheis do leabharlanna gach a bhfuil le tairiscint acu a chur os comhair an phobail. | Ar Siúl go Fóill | GBRÁ, Údaráis Leabharlainne | RFTP |
| 61 | Cuirfear oiliúint go bliantúil ar bhaill foirne leabharlainne maidir le margaíocht agus cumarsáid. | Bliantúil | LGMA | |
| **12. Baill Foirne Leabharlainne** | | | | |
| 62 | Beidh cur i bhfeidhm na bpleananna luchta saothair tugtha chun críche, agus cuirfear straitéisí luchta saothair in oiriúint do riachtanais ball foirne chun straitéis a cheapadh a chinnteoidh go mbeidh a dhóthain ball foirne ag ár leabharlanna. | R4 2024 | LGMA | RTRAO |
| 63 | Cuirfear cláir struchtúrtha, meantóireacht agus oiliúint ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i dtacar sainscileanna na mball foirne. | Ar Siúl go Fóill | LGMA | |
| 64 | Ag tosú in 2023, cuirfear oiliúint chuimsitheach ar bhaill foirne ar mhaithe le cabhrú leo a gcuid sainscileanna digiteacha a fhorbairt agus cur leo, agus cuirfear cohórt de speisialtóirí leabharlainne digití le chéile in 2024 chun tacú le seirbhísí digiteacha níos fearr a sholáthar i ngach údarás leabharlainne. | R4 2024 | LGMA | |
| 65 | Forbrófar clár ceannaireachta náisiúnta nua do bhaill foirne leabharlainne i rith 2024 agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn céimneach in 2025. | R4 2025 | LGMA | |
| 66 | Déanfar athbhreithniú in 2023 ar na cuir chuige atá ann cheana féin i leith earcaíochta agus lucht saothair a choinneáil ar mhaithe lena chinntiú go ndéanfar foireann dhúthrachtach agus éagsúil a fhorbairt atá oiriúnach do sheirbhísí leabharlainne a chur i gcrích le linn na tréimhse straitéise. | R4 2023 | LGMA | |

# Aguisín 2: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Sa tábla thíos léirítear conas atá cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha de chuid*Is í an Leabharlann an Áit* ag teacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna).

| | Sprioc SFI | *Cuspóir Straitéiseach de chuid Is í an Leabharlann an Áit* | *Sprioc de chuid Is í an Leabharlann* an Áit |
|---|---|---|---|
| 1.4 | Comhchearta ar úinéireacht, ar bhunseirbhísí, ar theicneolaíocht agus acmhainní geilleagracha | 2 | |
| 1.5 | Teacht aniar a fhorbairt i gcoinne tubaistí timpeallachta, geilleagracha agus sóisialta | | 20 |
| 1B | Creataí beartais atá fabhrach do dhaoine bochta agus inscne-íogair a chruthú | | 18 |
| 2.1 | Teacht uilíoch ar bhia sábháilte agus cothaitheach | | 14 |
| 3.4 | líon na ndaoine a fhaigheann bás de ghalair neamhtheagmhálacha a laghdú agus meabhairshláinte a chur chun cinn | | 14 |
| 3.5 | Cosc a chur ar mhí-úsáid substaintí agus cóireáil a chur ar andúiligh | | 14 |
| 3.7 | Rochtain uilíoch ar chúram gnéis agus síolraithe, pleanáil clainne agus oideachas | | 14 |
| 4.2 | Fáil chothrom ar oideachas réamh-bhunscoile den scoth | | 7, 15, 26 |
| 4.3 | Fáil chothrom ar oideachas teicniúil, ar ghairmoideachas agus ar ardoideachas | | 20, 21 |
| 4.4 | Cur le líon na ndaoine a bhfuil na scileanna acu chun éirí go maith sa saol ó thaobh cúrsaí airgid de | | 20 |
| 4.6 | An litearthacht agus an uimhearthacht ar a dtoil ag gach duine | 1 | 8, 9, 20, 21 |
| 4.7 | Oideachas maidir le forbairt inbhuanaithe agus saoránacht dhomhanda | 3, 6 | 20, 21, 33, 34 |
| 5.5 | Deimhin a dhéanamh de go nglactar páirt go hiomlán i gcúrsaí ceannaireachta agus cinnteoireachta | 3 | 24, 41 |
| 5B | Leas a bhaint as an teicneolaíocht chun mná a chumasú | | 20 |
| 6B | Plé ag muintir le háite le bainistiú uisce agus sláintíochta a chothú | | 14 |
| 7.3 | Feabhas ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de a mhéadú faoi dhó | | 34 |
| 8.3 | Beartais a chur chun cinn a thacaíocnn le cruthú post agus fiontair a mhéadú | | 20 |
| 8.6 | Fostaíocht, oideachas agus oiliúint don aos óg a chur chun cinn | | 17, 20 |
| 9.1 | Bonneagair inbhuanaithe, athléimneacha agus ionchuimsitheacha a fhorbairt | 4, 5 | 25, 27, 30, 31, 59 |
| 9C | Rochtain ag gach duine ar eolas agus ar theicneolaíocht cumarsáide | 7 | 43, 44 |
| 10.2 | Ionchuimsitheacht shóisialta, gheilleagrach agus pholaitiúil uilíoch a chur chun cinn | 2 | |
| 11.4 | Oidhreacht chultúrtha agus dhúlra an domhain a chosaint | | 46, 47 |
| 11.7 | Rochtain a thabhairt ar spásanna glasa poiblí atá sábháilte agus ionchuimsitheach | 4, 5 | |
| 12.7 | Cleachtais soláthair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn | | 30, 40, 59 |
| 12.8 | Tuiscint ar nósanna maireachtála inbhuanaithe a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne | | 20, 33 |
| 13.3 | Eolas agus acmhainn a fhorbairt d'fhonn tabhairt faoi dhúshlán an athraithe aeráide | | 20, 31, 32, 33, 34, 35, 37 |
| 16.6 | Institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus trédhearcacha a fhorbairt | | 58 |
| 16.7 | Cinnteoireacht fhreagrúil, ionchuimsitheach agus ionadaíoch a chinntiú | | 24,58 |
| 16.10 | Deimhin a dhéanamh go bhfuil teacht ag an bpobal ar eolas agus saoirsí bunúsacha a chosaint | 2, 3, 4, 7 | 4, 5, 20, 21, 41, 44 |
| 17.14 | Comhleanúnachas beartais a fheabhsú i leith forbairt inbhuanaithe | 6 | |
| 17.17 | An Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a fheabhsú agus comhpháirtíochtaí ilpháirtithe leasmhara le dul léi a bhainfidh leas as agus a roinnfidh eolas, saineolas, teicneolaíocht agus acmhainní airgeadais mar thaca chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach i ngach tír, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha | 9 (Cuireann gach ailíniú straitéiseach le baint amach na sprice seo) | |

# Aguisín 3: Liosta de chomhaltaí na gCoistí

## An Coiste Forbartha Leabharlanna

### Cathaoirleach

Anna Marie Delaney, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

### Comhaltaí

Paula Butler, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Pat Daly, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Paul Dunne, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Stuart Hamilton, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Sonya Kavanagh, Comhairle Contae Chill Dara.

Kieran Moylan, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Emer O'Brien, Comhairle Contae Chorcaí

Mairéad Owens, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

## Grúpa Oibre Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027

### Cathaoirleach

Deirdre Kearney, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

### Comhaltaí

Gordon Daly, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

John Duggan, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Catherine Elliot, Comhairle Contae Mhuineacháin.

Catherine Gallagher, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Carolyne Godkin, Comhairle Contae Loch Garman.

Stuart Hamilton, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Emer O'Brien, Comhairle Contae Chorcaí

Joan Ward, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.



# Aguisín 4: Dul i gComhairle le Páirtithe Leasmhara

Tar éis dianstaidéar a dhéanamh ar an gcaoi a raibh cúrsaí ó thaobh páirtithe leasmhara de, reáchtáladh dhá fhócasghrúpaí agus tugadh cuireadh do mhóreagraíochtaí áirithe bualadh leo:

- Aoisbhá Éireann
- An Chomhairle Ealaíon
- Díoltóirí Leabhar Éireann
- Leabhair Pháistí Éireann
- Conradh na Gaeilge
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Boird Oideachais & Oiliúna Éireann
- Foróige
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- Ionad Scríbhneoirí na hÉireann
- Clár an Teastais Shóisearaigh do Scoileanna de chuid na Leabharlanna
- Cumann Leabharlanna na hÉireann
- Leabharlanna Thuaisceart Éireann
- Oifig Fiontair Áitiúil
- an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
- Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- SOLAS
- Coimisiún Forbartha an Iarthair
- Wikimedia Éireann

## Fócasghrúpaí spriocdhírithe

Tionóladh trí fhócasghrúpa chun réimsí sonracha den tairiscint leabharlainne a phlé: an Ghaeilge, an t-aos óg, scileanna agus oideachas.

## Ceistneoirí do Pháirtithe Leasmhara

Fuarthas ceistneoirí comhairliúcháin ó sheacht bpáirtí leasmhar déag. Tháinig sé cinn acu ó chumainn staire áitiúla agus sheandálaíochta. I measc na bpáirtithe leasmhara eile a chuir ceistneoir isteach bhí Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Conradh na Gaeilge; An Roinn Oideachais agus Scileanna; Leabharlanna Chontae na hIarmhí; Oideachas Pobail; Oifigeach Ealaíon Mhaigh Eo; Foireann Bhaile Áth na nUrlainn; Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh Chill Chainnigh; agus Institiúid Chairte na nGairmithe Leabharlainne agus Faisnéise.

## Dul i gComhairle le Páirtithe Leasmhara Inmheánacha

Tugadh faoi chlár comhairliúcháin le leabharlannaithe Cathrach agus Contae, Stiúrthóirí Seirbhísí sna hÚdaráis Áitiúla, foireann túslíne agus baill foirne tionscadail. Reáchtáladh ceithre cheardlann le breis agus 300 ball foirne a chuir a gcuid barúlacha agus tuairimí in iúl agus plé a dhéanamh acu i seomraí ar leithligh agus le linn seisiúin aiseolais.

## Ranna Rialtais

Chuaigh an RFTP i gcomhairle le gach roinn rialtais faoi Straitéis.

# Aguisín 5: Dualgas Earnála Poiblí

Maidir leis na luachanna agus na gníomhartha straitéiseacha a mholtar, tá le léamh orthu an tábhacht a bhaineann le uileghabhálacht, comhionannas, meas, neamh-idirdhealú agus rochtain saor in aisce a bheith ag cách.

Cloífidh údaráis áitiúla lena ndualgas earnála poiblí maidir leis an straitéis a chur i bhfeidhm ar bhonn áitiúil lena chinntiú nach ann d'aon idirdhealú ó thaobh gníomhaíochtaí leabharlainne poiblí de. Is ionann rochtain uilíoch ar eolas iontaofa agus tacú le cearta úsáideoirí leabharlainne páirt a ghlacadh sa tsochaí mar shaoránaigh eolacha rannpháirteacha.

Déanfaidh GBRÁ an seachadadh a chomhordú agus déanfaidh sé monatóireacht ar chur chun feidhme na straitéise, lena n-áirítear na gealltanais a thabharfar i leith uileghabhálachta, agus rochtain saor in aisce a bheith ag cách.



*"Sílim go bhfuil an spás pobail ar fheabhas Éireann." [Duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin]*

# Aguisín 6: Buíochas

Ba mhaith leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Comhlachas um Bainistíochta Contaetha is Cathracha agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh chun *Is í an Leabharlann an Áit* a fhorbairt.

Go háirithe, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus le Comhaltaí an Ghrúpa Oibre um Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027 as bheith i bhfeighil ar fhorbairt na straitéise. Táimid buíoch de chomhaltaí an Choiste Forbartha Leabharlanna as a gcuid comhairle agus treorach i gcaitheamh an phróisis.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Red Quadrant a chuir creat ar fáil agus a rinne éascú ar fhorbairt na straitéise, chomh maith le tabhairt faoin bpróiseas comhairliúcháin.

Ba chrainn seasta iad baill foirne leabharlainne agus na Leabharlannaithe Cathrach agus Contae sa phróiseas comhairliúcháin agus forbartha, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo as páirt a ghlacadh ann go fonnmhar. Táimid buíoch freisin, as na tuairimí fóinteacha a fuaireamar ó lucht bainistíochta sinsearaí an rialtais láir agus na n-údarás áitiúil, agus an lear mór d'eagraíochtaí comhpháirteacha a ghlac páirt i gceardlanna do ghrúpaí fócais le páirtithe leasmhara. Mar fhocal scoir, ba thábhachtach agus ba mhór againn an lear mór freagraí a fuarthas ó neart daoine den phobal agus ó eagraíochtaí agus ó ghníomhaireachtaí leasmhara ar fud na tíre le linn an chomhairliúcháin phoiblí.

*"Is aistear foghlama é an saol féin. Is modh iompair iad leabharlanna feadh na slí. Modh a bhfuil taitneamh nach beag ag baint leis".[Duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin]*






*"Taitníonn sé go mór liom go léim léirmheasanna sna nuachtáin & go bhfeicim na leabhair chéanna i mo leabharlann áitiúil ní fada ina dhiaidh sin." [Duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin]*




Is ionann infheistíocht i leabharlanna poiblí agus infheistíocht i ndaoine, ina dteaghlaigh, ina bpobail



An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

CCMA
Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

LGMA
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government Management Agency

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from responsible sources
FSC® C101533